



Tionscnamh Rialtais Áitiúil iad na hOifigí Réigiúnacha um Gníomhú ar son na hAeráide, a mhaoiníonn an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, mar sheirbhís chomhroinnte d'Údaráis Áitiúla.



Tuarascáil Bhliantúil 2025

Oifigí Réigiúnach um
Gníomhú ar son na hAeráide
Rialtas Áitiúil

Climate Action
Regional Offices
Local Government



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland



Ráiteas Misin

Is é misean na nOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtas Áitiúil a chomhordú agus tacú leis chun athrú claochlaitheach agus gníomhú intomhaiste ar son na haeráide a stiúradh ar fud ár gcathracha agus ár gcontaetha.





**CARO Bhord
Farraige an
Atlantaigh
Thuaidh**

caro@mayococo.ie



**CARO
Chathair
Bhaile Átha
Cliath**

caro@dublincity.ie



**CARO Bhord
Farraige an
Atlantaigh
Theas**

caro@corkcoco.ie



**CARO an
Oirthir
agus Lár
Tíre**

caro@kildarecoco.ie

Clár Ábhar



Brollach	6
Buaicphointí CARO in 2025	7
Achoimre Feidhmiúcháin	8
01 Eolas faoi CARO	11
02 Clár Oibre CARO	15
03 Rialachas agus Comhpháirtíochtaí	21
04 Pleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAPanna ÚÁ)	33
05 Oiriúnú	43
06 Maolú	57
07 Oiliúint agus Oideachas	71
08 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Saoránach	77
09 Forbairt Eolais	89
10 Aguisíní	97
Tábla na bhFíoracha	
Fíor 1 Sracfhéachaint ar CARO	12
Fíor 2 Achoimre ar Airgeadas CARO	13
Fíor 3 Struchtúr Réigiúnach na CAROanna	14
Fíor 4 Na Seacht bPacáiste Oibre	16
Fíor 5 Próifíl Mheasúnaithe SDGanna Chlár Oibre 2025	17
Fíor 6 Struchtúr Rialachais na CAROanna	22

Brollach

Tá gliondar croí ar Údaráis Cheannais na nOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (na CAROanna) foilseachán Thuarascáil Bhliantúil CARO 2025 a chur i láthair ina dtugtar cuntas ar shonraí faoin iomaí gníomhaíocht agus éacht a rinne agus a sholáthair na CAROanna le linn na bliana. Is é ról na CAROanna tacú le hÚdaráis Áitiúla a bPleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAPanna ÚÁ) a chur i bhfeidhm, breisluach a sholáthar ar leibhéal réigiúnach trí roinnt agus acmhainní a fhorbairt, agus feidhm chomhordaithe a chur ar fáil chun torthaí comhsheasmhacha a bhaint amach.

Lean na CAROanna i mbliana lenár gcáil agus caidreamh a threisiú le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha agus go háirithe trí obair i gcomhar le gach ceann de na 31 Údarás Áitiúil agus an Roinn Aeráide, Comhshaoil agus Fuinnimh (an DCEE). Ábhar mór bróid dúinn an obair a rinneadh chun na Criosanna Dícharbónaithe a thabhairt chun cinn, an Chairt Aeráide leasaithe a cheadú

agus an lipéad “Misean” a bhronnadh ar Chathracha Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn na bliana, i dtaobh tacú le hAonaid agus Biúróanna Fuinnimh a bhunú agus a chur i bhfeidhm, comhaontuithe nua maoinithe a thabhairt chun cinn leis an SEAI (clár larfheistithe Earnála Poiblí Pathfinder), Fóram Tránna agus Dumhcha uileoileáin a bhunú, na Cláir Oiliúna Aeráide a thabhairt isteach go leanúnach agus an obair chun tacú le dícharbónú an Fhlít Údaráis Áitiúil.

Bhíothas in ann na héachtaí a dhéanamh a dtugtar cuntas orthu sa Tuarascáil Bhliantúil seo a bhuíochas le hiarracht chomhoibríoch, treallús, agus tacaíocht ár bhfoirne agus páirtithe leasmhara uile, agus go háirithe na 31 Údarás Áitiúil agus an fhoireann sna ceithre Oifig Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide. Táthar an-bhuíoch as a rannchuidiú agus a rannpháirtíocht mar gheall gur chumasaigh siad ár n-éachtaí in 2025.

Ann Moore

Stiúrthóir Seirbhíse Gníomhach – Príomhúdarás CARO ASBN

Ann Moore



Emer O'Brien

Stiúrthóir Seirbhíse Gníomhach – Príomhúdarás CARO ASBS

Emer O'Brien



Patricia Reidy

Stiúrthóir Seirbhíse – Príomhúdarás CARO DM


Patricia Reidy



Fiona Deegan

Stiúrthóir Seirbhíse – Príomhúdarás CARO E&M

Fiona Deegan



Marian Higgins

Stiúrthóir Seirbhíse – Príomhúdarás CARO E&M

Marian Higgins



CARO

Buaicphointí 2025

8,496

Áit Oiliúna
Soláthartha



12

Fhreagairt Seolta ar
Phleananna
Oiriúnaithe Earnála

4

Fhíseán
Foilsithe



3

Fhoinse nua
maoinithe do DZanna

3

Thuarascáil
Scríofa



12

Cheardlann
soláthartha

14

Thionscadal
CARO
Soláthartha



3

Iarratas rathúla
ar mhaoiniú

43

Idirchaidreamh
le Páirtithe
Leasmhara
Réigiúnacha
(RSGanna)



4

Thionscadal atá
maoinithe ag an AE
ar bun

Achoimre

Feidhmiúcháin

Seo an séú tuarascáil bhliantúil do na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAROanna) a bunaíodh faoi Chomhaontú Seirbhíse idir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil anois) agus Príomhúdarás ó gach Réigiún ar feadh tréimhse sé bliana ó 2023 go 2029.

Príomhimreoirí iad Údaráis Áitiúla chun na bearta oiriúnaithe agus maolaithe a chur i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil agus pobail trína bPleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAPanna ÚÁ).

Cabhróidh siad le hÉirinn a dhíriú ar threocht i leith aeráidneodracht a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh 2050. Cabhraíonn na CAROanna chun Clár Aeráide na hÉireann a chur chun cinn trí thacú le gach 31 Údarás Áitiúil i gcur i bhfeidhm a bPleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide agus a gCriosanna Dícharbónaithe trí chomhpháirtíochtaí, acmhainn agus foghlaim chomhroinnte a fhorbairt.

Cheadaigh an Grúpa um Chur i bhFeidhm Straitéiseach an Clár Oibre Bliantúil don bhliain 2025 in Eanáir. Eagraítear é ina sheacht bPacáiste Oibre, a bhfuil a ngníomhartha agus foghniomhartha féin ag gach ceann ina

dtaispeántar conas a sholáthrófar an clár i gcaitheamh na bliana. Déantar Pacáiste Oibre a rianú i ngach caibidil sa tuarascáil seo, agus aithnítear iontu an méid a baineadh amach, agus na bacainní a tháinig aníos le linn na bliana. Rinneadh an tuarascáil a mheas freisin in aghaidh na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe agus cuirtear an phróifíl mheasúnaithe SDGanna san áireamh.

Pacáiste Oibre 1 baineann sé le Rialachas agus Comhpháirtíochtaí. I measc na bpríomhéachtaí sa Phacáiste Oibre seo, tá an méid a foghlaimíodh a roinnt, cinnteoireacht chomhordaithe, rannpháirtíocht trasteorann, ceangal le Tionóil Réigiúnacha an Tuaiscirt, an Iarthair agus Oirthir chun teacht ar mhaoiniú, dhá PTF bhreise a fhorbairt, athbhreithniú ar an gCairt um Ghníomhú Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide, cásanna gnó a fhorbairt do mhaoiniú breise agus páirt a ghlacadh in Athbhreithniú na CAROanna. Ba mhaoiniú agus meicníocht a aimsiú chun obair le líonra fairsing rialachais ar bhealach comhtháite a bhí sna bacainní faoin bPacáiste Oibre.

Pacáiste Oibre 2 baineann seo le Pleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAPanna ÚÁ) Ba bhuaicphointe faoin bPacáiste Oibre seo na Criosanna Dícharbónaithe (DZanna) a chur chun cinn. Bhí a chéad bhliain iomlán ag an nGrúpa Comhairleach DZanna, agus d'fhéadfaí an tionchar a thabhairt faoi deara de réir mar a d'imigh an bhliain thart trí infheictheacht agus tacaíocht níos mó do na DZanna, trí fhoinsí maoinithe ar leith a aithint chun tacú le tionscadail san áireamh.

I measc na n-imeachtaí líonraithe forbartha acmhainní, bhí imeacht bliantúil líonraithe CARO inar taispeánadh go leor tionscadail



agus tionscnaimh thábhachtacha i gceantar Loch Garman, agus imeachtaí i gCeatharlach agus Fear Manach inar taispeánadh gairdíní báistí agus monarcha inbhuanaithe, faoi seach. Bacainn amháin faoin bPacáiste Oibre seo an gá atá le cur chuige caighdeánaithe i leith tuairisciú ar na gníomhartha i ngach CAP ÚÁ trí shuíomh gréasáin CARO. Ina theannta sin, cé gur aithníodh foinsí maoinithe breise do DZanna, maoiniú foirne san áireamh don Phobal Feasta, an Mhala Raithní (DZ na Mala Raithní), tá dúshlán fós ann maidir le Soláthar Foirne agus maoiniú do na DZanna.

Dírítear i **bPacáiste Oibre 3** ar Oiriúnú. Ba imeachtaí suntasacha ar leibhéal náisiúnta iad foilsíú an Mheasúnaithe Riosca Náisiúnta ar Athrú Aeráide (NCCRA) agus dréachtú an dara babhta de Phleananna um Oiriúnú Earnála (SAPanna) ag trí earnáil déag Rialtais. Doiciméid thábhachtacha iad seo a mbeidh tionchar acu ar Chláir Oibre CARO 2026 agus amach anseo. Thacaigh na CAROanna leis an LGMA agus leis an CCMA trí aighneachtaí a dhéanamh maidir leis na dréacht-SAPanna. Tá an NCCRA á úsáid chun an mhodheolaíocht leathchainníochtúil um Measúnú Riosca agus Leochaileacht Aeráide, a d'fhorbair CARO ASBN do na hÚdaráis Áitiúla, a nuashonrú. I measc buaicphointí eile tá bunú an Fhórait Tránna agus Dumhcha agus an ghrúpa oibre Náisiúnta um Réitigh Dhúlraibhuanaithe, an tionscadal taighde an Teasoileáin Uirbigh, an obair leanúnach ar Oiriúnú don Aeráid do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, Tionól Uile-Oileáin na nDumhcha agus Misean an AE um Oiriúnú don Athrú Aeráide a chur chun cinn.

Baineann constaicí faoin bPacáiste Oibre seo le castacht agus leis an tréimhse fhada cur i bhfeidhm do thionscadail oiriúnaithe, chomh maith le neamh-intuathacht na n-imeachtaí, saincheisteanna pleanála, costais, cosaint an

chomhshaoil agus úinéireacht talún.

Áiríodh san obair a rinneadh faoi **Phacáiste Oibre 4**, Maolú, rannpháirtíocht na CAROanna uile leis na hÚdaráis Áitiúla ina Réigiún agus leis an SEAI chun tacú le bunú agus cur i bhfeidhm gníomhaireachtaí, aonad nó biúróanna fuinnimh, chun comhaontuithe maoinithe a chur chun cinn faoi chlár Pathfinder, agus chun tús a chur le forbairt doiciméad teimpléid chun cabhrú le rialachas agus treoir na dtionscadal seo. rinneadh dul chun cinn ar an Straitéis Luchtaithe Feithiclí Leictreacha, ar an Tuarascáil Deiridh agus ar na moltaí ón nGrúpa Oibre um Dhíchcarbónú an Fhlít Údaráis Áitiúil, ar an tionscadal taispeána doimhne ar an mBithghilleagar, ar an réamhchlár píolótach iarchoimisiúnaithe, agus ar thús Ghradam an Bhrait Ghlais d'Údaráis Áitiúla i mbliana freisin. Ba í an bhacainn mhór anseo ná a bheith ábalta saineolas fuinnimh a sholáthar mar gheall ar an líon teoranta gairmithe atá ar fáil.

Díríodh i **bPacáiste Oibre 5** ar acmhainní a fhorbairt trí Oiliúint agus Oideachas faoi stiúir CARO E&M. I measc na mbuaicphointí, bhí soláthar breis agus 8,000 rannpháirtí oiliúna (níos mó ná an sprioc), cur i bhfeidhm córas nua bainistíochta foghlama, bunú trí chlár oiliúna théamacha, agus athbhreithniú bliantúil ar chúrsaí tríú leibhéal.

Thit go leor imeachtaí líonraithe amach in 2025 faoi **Phacáiste Oibre 6** Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Saoránach. I measc na mbuaicphointí, bhí tionscadail rathúla faoin gClár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide, is é sin an Tionscadal Tránna agus Dumhcha agus Climate Connected. Thug an tionscadal Climate Connected le chéile comhpháirtithe CARO ASBN, Ollscoil na Gaillimhe (UG), Údaráis Áitiúla i réigiún ASBN, Energy Cooperatives

Ireland agus Volunteer Ireland chun oibriú ar fhorbairt réimse uirlisí, cás-staidéar agus ardán comhroinnte chun tacú le pobail dhíchárbónaithe a lorg carbóin a laghdú.

I measc imeachtaí eile ar thacaigh CARO leo bhí Clár na gCumann Glas CLG, Comhdháil Mary Robinson, Seó Samhraidh Chorcaí, Lá Gairmeacha Aeráide agus Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath. Sa chúla, cuireadh tús le hobair ar shruthlíniú próiseas cumarsáide, lena n-áirítear an Straitéis Cumarsáide, Clárú agus Rialú Doiciméad, inrochtaineacht tuarascálacha, obair ar an suíomh gréasáin agus cur chuige comhsheasmhach i leith na cumarsáide.

Leanfaidh an obair seo ar aghaidh in 2026. Is iad na bacainní faoin bPacáiste Oibre seo an gá atá le huasghrádú a dhéanamh ar shuíomh gréasáin CARO agus ar an maoiniú gaolmhar, chomh maith leis an ngá an suíomh a chothabháil le hábhar agus acmhainní cothrom le dáta atá furasta le rochtain.

Pacáiste Oibre 7 baineann sé seo le Forbairt Eolais, ar príomhriachtanas é seo do na CAROanna. Áiríodh leis na buaicphointí faoin bPacáiste Oibre seo gur éirigh le tionscadal taighde GRACE Fhís Eorpach an AE – Teacht Aniar Aeráide a Fhás i gCeantair Thuaithe largúlta trí Chumasú an Chomhphobail, tacú le ceannaireacht inbhuanaithe le ATU, an lipéad Mhisean an AE a bhronnadh ar Chathracha Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, Tionscadal Píolótach na nDíonta Glasa, agus eolas ar Fhuinneamh In-athnuaite do Phobail Oileán a neartú.

Baineann na bacainní anseo go príomha le cineál am-íditheach na dtionscadal seo agus an líon teoranta foirne atá ar fáil.



Íomhá: Aillte an Mhothair. Grianghrafadóir: Saad Chaudhry (Unsplash).



Eolas faoi CARO

Na CAROanna

Gníomhú rialtais áitiúil ar son na haeráide a chomhordú agus tacú leis chun bunathrú agus gníomhú intomhaiste ar son na haeráide a stiúradh ar fud ár gcathracha agus ár gcontaetha.

TACAÍOCHT

Tá ról ríthábhachtach ag na CAROanna i dtacú le hÚdaráis Áitiúla i gcur i bhfeidhm beartais náisiúnta athraithe aeráide ar leibhéal áitiúil.

OIFIGÍ RÉIGIÚNACHA CARO

Tá ceithre oifig réigiúnacha CARO ann, is iad sin: Bord Farraige an Atlantaigh Thuaidh, Bord Farraige an Atlantaigh Theas, An tOirthear agus Lár Tíre, Cathair Bhaile Átha Cliath.

Dírítear sa chur chuige réigiúnach ar rioscaí sonracha aeráide, a dhéanann príomhghníomhaithe de na CAROanna in aistriú na hÉireann chuig toadhchaí ísealcharbóin.

TREOIR

Cuireann na CAROanna treoir, comhairle agus tacaíocht ar fáil d'Údaráis Áitiúla chun dul i ngleic go héifeachtach le hathrú aeráide ar fud na hÉireann.

COMHOIBRIÚ AGUS COMHORDÚ

Glacann CARO le príomhról i ngrúpaí éagsúla a aontú le dul i ngleic le hathrú aeráide: Roinneann siad eolas agus cuidíonn siad le hÚdaráis Áitiúla obair le chéile.

RÓL STRAITÉISEACH

Díríonn na CAROanna ar thosaíochtaí móra aeráide trí dhúshláin aeráide trasearnála a aithint agus dul i ngleic leo, comhoibriú a neartú idir Údaráis Áitiúla agus an Rialtas agus tacú leis an Acht um Gníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 a chur i bhfeidhm.

CUR I BHFEIDHM

Tacaíonn na CAROanna le hÚdaráis Áitiúla i gcur i bhfeidhm a bPleananna um Gníomhú ar son na hAeráide agus a gCriosanna Dícharbónaithe.

Fíor 1: Sracfhéachaint ar CARO

Eolas Fúinn CARO

Bhunaigh an CCMA CARO in 2018 agus tacaíonn sé le gach ceann de na 31 Údarás Áitiúil chun gníomhú i leith na haeráide trí threoir, uirlisí agus comhordú a sholáthar. Ceanglaíonn na CAROanna comhairlí, páirtithe leasmhara agus pobail le réitigh ar scála.

Cuireann na CAROanna treoir, comhairle agus tacaíocht ar fáil do na 31 Údarás Áitiúil go léir chun cumas, aimsiú agus acmhainní na hearnála a ghíaráil chun dul i ngleic go héifeachtach le hathrú aeráide. Trí Údaráis Áitiúla, páirtithe leasmhara, agus pobail áitiúla a thabhairt le chéile, déanann na CAROanna beartais níos éasca lena gcur i bhfeidhm agus cabhraíonn siad le réitigh thionchair a mhéadú. Díritear sa chur chuige réigiúnach ar rioscaí sonracha aeráide, a dhéanann príomhghníomhaithe de na CAROanna in aistriú na hÉireann chuig todhchaí ísealcharbóin.

Fuarthas leithdháileadh iomlán €12 milliún chun tacú leis na CAROanna don tréimhse 2023-2029 faoi Chomhaontú Seirbhíse a síníodh in 2023 leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) (an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE) anois). Bhí baint lárnach ag an tacaíocht agus an maoiniú seo i mbunú, forbairt, agus rath leanúnach na CAROanna. Tacaíonn na CAROanna le hÚdaráis Áitiúla chun a spriocanna aeráide a bhaint amach trí dhul i ngleic go héifeachtach le dúshlán an athraithe aeráide agus cur le haistear na hÉireann i dtreo todhchaí inbhuanaithe agus atá seasmhach ó thaobh na haeráide. Cuireann na CAROanna roinnt eolais, smaointe agus faisnéise agus forbairt chomhoibríoch gníomhartha ar scála idir Údaráis Áitiúla chun cinn freisin.

Achoimre ar Airgeadas na CAROanna don bhliain 2025

Airgeadas CARO in 2025

An buiséad comhcheangailte agus an caiteachas comhcheangailte i measc cheithre oifig réigiúnacha CARO.

Leithdháileadh Buiséid iomlán na CAROanna	€2,000,000
Iomlán a d'Éiligh CAROanna	€1,690,062.48

Fíor 2 Achoimre ar Airgeadas CARO

Tá ceithre oifig réigiúnacha CARO ann, is iad sin:

- Cathair Bhaile Átha Cliath
- Bord Farraige an Atlantaigh Thuaidh
- Bord Farraige an Atlantaigh Theas
- An tOirthear agus Lár Tíre


Tá díriú faoi leith i ngach ceann de na CAROanna Réigiúnacha agus forbraítear moil eolais iontu bunaithe ar a saintréithe tíreolaíochta, a leochaileacht agus na comhrioscaí aeráide atá ina leith ar fud na limistéar Údaráis Áitiúil ina réigiún. Tá na Réigiúin á stiúradh ag Comhordaitheoir Réigiúnach, lena dtacaíonn foireann theicniúil agus riaracháin. Taispeántar próifíl gach réigiúin agus a sainmhol eolais lastall.

Bord Farraige an Atlantaigh Thuaidh (ASBN)	
Próifíl Réigiúnach	
Údaráis Áitiúla sa Réigiún:	Maigh Eo, Contae na Gaillimhe, Cathair na Gaillimhe, Sligeach, Dún na nGall
Daonra:	613,292
Achar:	18,433 km ²
Fad an Imeallbhoird:	2,702 km
Oileáin Amach ón gCósta ar a gCónaítear:	18 (Daonra: 2,239)

Forbairt Moil Eolais
Tuile Cósta
Stoirmeacha
Tuile Screamhuisce
Tuile Bháistiúil

Cathair Bhaile Átha Cliath	
Próifíl Réigiúnach	
Údaráis Áitiúla sa Réigiún:	Cathair Bhaile Átha Cliath, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Baile Átha Cliath Theas, Fine Gall
Daonra:	1,347,359
Achar:	926 km ²
Fad an Imeallbhoird:	95 km

Bord Farraige an Atlantaigh Theas (ASBS)	
Próifíl Réigiúnach	
Údaráis Áitiúla sa Réigiún:	An Clár, Cathair agus Contae Luimnigh, Contae Chiarraí, Cathair agus Contae Chorcaí
Daonra:	1,004,300
Achar:	18,518 km ²
Fad an Imeallbhoird:	2,263 km
Oileáin Amach ón gCósta ar a gCónaítear:	7 (Daonra: 495)



Forbairt Moil Eolais
Tuile Bháistiúil Uirbeach
Reo Uirbeach
Tonnata Teasa Uirbeacha

Forbairt Moil Eolais
Ardú ar Leibhéal na Farraige
Tuile Cósta
Stoirmeacha
Tuile Screamhuisce
Tuile Bháistiúil

Forbairt Moil Eolais
Tuile Bháistiúil
Tuile Bháistiúil
Tuile Screamhuisce

An tOirthear agus Lár Tíre (E&M)	
Próifíl Réigiúnach	
Údaráis Áitiúla sa Réigiún:	Ceatharlach, an Cabhán, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, Liatroim, an Longfort, Lú, an Mhí, Muineachán, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Tiobraid Árann, Port Láirge, an Iarmhí, Loch Garman, Cill Mhantáin
Daonra:	1,796,923
Achar:	32,394 km ²
Fad an Imeallbhoird:	611 km

Fíor 3 Struchtúr Réigiúnach na CAROanna



Clár Oibre CARO

Clár Oibre na CAROanna


Cabhraíonn na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAROanna) le clár aeráide na hÉireann a chur chun cinn. Forbraíonn gach ceann de na ceithre oifig réigiúnacha Clár Oibre Bliantúil gach bliain, faoin gComhaontú Seirbhíse agus le hionchur ó:

- Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA).
- An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE)
- Grúpa Bainistíochta CARO (CMG)

An Clár Oibre:

- Tugtar cuntas ann seo ar phríomhghníomhartha chun soláthar beartas aeráide a fheabhsú.
- Tacaítear ann seo le hÚdaráis Áitiúla ina n-iarrachtaí aeráide.
- Forbraítear comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí rialtais.
- Spreagtar tionscnaimh aeráide áitiúla.

Ceadaíonn an Grúpa um Chur i bhFeidhm Straitéiseach (SIG) an Clár Oibre gach bliain lena chinntiú go dtagann sé le spriocanna aeráide náisiúnta agus réigiúnacha agus leis an gComhaontú seirbhíse. Déantar athbhreithniú ar dhul chun cinn trí chruinnithe ráithiúla CMG agus cruinnithe débhlíantúla SIG. Eagraítear an Clár Oibre ina sheacht bPacáiste Oibre, a bhfuil a ngníomhartha agus foghníomhartha féin ag gach ceann ina dtaispeántar conas a sholáthrófar an clár i gcaitheamh na bliana. (Féach Fíor 4 agus an tAguisín chun teacht ar shonraí).



Fíor 4: Na Seacht bPacáiste Oibre

Próifíl Mheasúnaithe Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) Chlár Oibre 2025 CARO

Rinne na hOifigí Réigiúnacha um Ghníomhú ar son na hAeráide dul chun cinn láidir in 2025 ar mhaolú aeráide, oiriúnú, rialachas, oiliúint, rannpháirtíocht an phobail, agus forbairt eolais, a neartaigh ról CARO mar phríomhthiománaí um ghníomhú ar son na haeráide ar fud an rialtais áitiúil. Léirítear sa Mheasúnú SDG ailíniú soiléir leis an mbeartas náisiúnta aeráide agus leagtar béim ann ar an méid a cuireadh le SDGanna 3, 4, 7, 9, 11, 13, 16 agus 17.

SDG	Feidhmíocht	Achoimre ar Rannchuidiú 2025
1 NO POVERTY	•	Teacht aniar indéreach, tairbhí maidir le hacmhainn an phobail
2 ZERO HUNGER	•	Rannchuidiú díreach teoranta; naisc bheaga leis an bpobal
3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING	• • •	Láidir Taighde UHI, comhthairbhí soghluaisteachta/sláinte, teacht aniar
4 QUALITY EDUCATION	• • •	Soláthraíodh go leor oiliúna (8,000+), LMS, cláir théamach
5 GENDER EQUALITY	•	Uileghabhálacht indéreach trí theacht cothrom ar oiliúint
6 CLEAN WATER AND SANITATION	• •	NbSanna láidre, comhpháirtíocht LAWPRO, teacht aniar tuile/uisce
7 AFFORDABLE AND CLEAN ENERGY	• • •	Biúróna Fuinnimh, Pathfinder, athnuaiteáin, dícharbónú an fhlít
8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH	• •	Scileanna glasa, rannpháirtíocht san Aistriú Cóir
9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE	• • •	Uirlisí carbóin, straitéis feithiclí leictreacha, oiriúnú bonneagair
10 REDUCED INEQUALITIES	•	Ionchuimsiú bunsraith trí uirlisí rannpháirtíochta
11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES	• • •	An limistéar is láidre i ndiaidh SDG13: CAPanna ÚÁ, DZanna, tionscadail phobail
12 RESPONSIBLE CONSUMPTION AND PRODUCTION	• •	GPP, imeachtaí glasaithe, cosc ar dhramhaíl a ailíniú
13 CLIMATE ACTION	• • •	Croí-shainordú; dul chun cinn mór ar oiriúnú agus maolú
14 LIFE BELOW WATER	• •	Oiriúnú cósta, Fóram Dumhcha, bainistíocht creimthe
15 LIFE ON LAND	• •	NBSanna, gníomhartha bithéagsúlachta, tacaíocht leis an bplean pailneora
16 PEACE, JUSTICE AND STRONG INSTITUTIONS	• • •	Struchtúir rialachais, tuairisciú ar KPlanna, comhar trasteorann
17 PARTNERSHIPS FOR THE GOALS	• • •	Comhoibriú domhain leis an SEAL, an EPA, LAWPRO, RAanna, misin AE



Scála Feidhmíochta	
• • •	Rannchuidiú Ard – soláthar agus ceannaireacht láidir intomhaiste
• •	Rannchuidiú Measartha – Soláthar soiléir, tionchar páirteach nó ról cumasaithe
•	Rannchuidiú Bunúsach – Tionchar nó struchtúr cumasaithe indéreach

Fíor 5 Próifíl Mheasúnaithe SDGanna Chlár Oibre 2025

Cuspóir Thuarascáil Bhliantúil 2025

Is é cuspóir na tuarascála seo dul chun cinn na CAROanna in 2025 a thaispeáint i measc na seacht bPacáiste Oibre go léir trí phríomhéachtaí a thabhairt chun solais, dúshláin a aithint agus samplaí de thionscadail rathúla a roinnt.

Struchtúr na Tuarascála

Dírítear sa tuarascáil ar gach ceann de na seacht bPacáiste Oibre, ceann i ndiaidh a chéile, agus tugtar léargas inti ar na príomhaidhmeanna agus na tosaíochtaí, na príomhéachtaí, agus na bacainní a tháinig aníos le linn na bliana faoin bPacáiste Oibre seo. Taispeántar sna Cás-Staidéir a rinneadh agus an clár á sholáthar agus cuirtear tábla achoimre ar fáil ar an gcaiteachas faoi gach Pacáiste Oibre i measc na CAROanna go léir.



Íomhá: Michael Devereux, Cathaoirleach Chuibhrinn Phobail Inis Córthaidh, ag labhairt ag Imeacht Líonraithe CARO in Aibreán




Rialachas agus Comhpháirtíochtaí



Cás-Staidéar



LGMA
Local Government
Management Agency



WP 1 Rialachas agus Comhpháirtíochtaí

KPIanna um Ghníomhú an Rialtais Áitiúil ar son na hAeráide – CARO E&M

Cúlra

Déanann an Grúpa Oibre KPI Rialtais Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide (LGCA) athbhreithniú ar tháscairí um ghníomhú ar son na haeráide gach bliain lena chinntiú go leanann siad de bheith bainteach le comhthéacs beartais agus cur i bhfeidhm atá ag teacht chun cinn. Cuireann an grúpa an réasúnaíocht ar fáil d'aon leasuithe nó breisiúcháin leis an tsraith KPIanna ata le meas ag Coiste um Ghníomhú ar son na hAeráide den CCMA. Tacaíonn an creat KPIanna le measúnú caighdeánaithe fianaisebhunaithe ar dhul chun cinn an Údaráis Áitiúil a thagann le freagrachtaí náisiúnta beartais agus soláthair aeráide. Ghníomhaigh **CARO E&M** mar cheannaire tionscadail, ag obair le hAonad Taighde an LGMA chun comhordú, maoirseacht agus tacaíocht theicniúil a sholáthar i rith an timthriallta tuairiscithe.

An Gníomh a Rinneadh

- Tionóladh naoi gcruinniú struchtúracha agus breacadh miontuairiscí dóibh.
- Forbraíodh teimpléid sonraí chun tacú le tuairisciú comhsheasmhach.
- Cuireadh seimineár gréasáin eolais d'Údaráis Áitiúla ar bhailiú sonraí an 15 Eanáir
- Rinne Aonad Taighde an LGMA bailiú sonraí a chomhordú, le hionchur ó Údaráis Áitiúla agus páirtithe leasmhara seachtracha i rith mhí Eanáir agus Feabhra. Rinne CARO E&M fíorú sonraí.
- Chuir na CAROanna le dréacht-tuascáil KPIanna, a cheadaigh an Coiste Comhshaoil, Aeráide agus Geilleagair Chiorclaigh (ECCE).
- Tugadh dhá KPI nua isteach in 2025 chun cur i bhfeidhm Phleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide agus soláthar an Chláir um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide a rianú.
- D'fhorbair Aonad Taighde an LGMA straitéis chomhordaithe cumarsáide le Aonad Cumarsáide an LGMA agus CARO E&M, chun tacú le scaipeadh na tuarascála.

Torthaí

I mí Mheán Fómhair, d'fhoilsigh an grúpa oibre an tríú Tuarascáil bhliantúil KPIanna um Ghníomhú Rialtais Áitiúil ar son na hAeráide, ag imeacht seolta hibrídeach, inar cuireadh i láthair léargas náisiúnta ar dhul chun cinn na nÚdarás Áitiúil le linn 2024. Díríodh sa timthriall tuairiscithe ar dheich KPI, agus rinneadh bailíochtú agus anailís ar na sonraí go léir sula cheadaigh Coiste Comhshaoil, Aeráide agus Geilleagair Chiorclaigh (ECCE) an CCMA iad. Cuirtear na torthaí i láthair thar cheithre réimse théamacha: príomhshruthú um ghníomhú ar son na haeráide laistigh de phróisis eagraíochtúla; gníomhartha maolaithe chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú; oiriúnú agus teacht aniar; agus athrú iompraíochta inmheánach agus forbairt acmhainne.

Rialachas agus Comhpháirtíochtaí

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Cloí le struchtúir rialachais ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a chinntiú.
- Tacaíocht a sholáthar don CCMA chun an straitéis Gníomhú ar son na hAeráide Éifeachtach a Sholáthar 2030 a chur i bhfeidhm, trí struchtúir áitiúla um ghníomhú ar son na haeráide a chothú, acmhainní breise a earcú etc.
- Caidreamh a chothú le comhpháirtithe straitéiseacha, cosúil leis an DECC, SEAI, EPA, OPR, Institiúid Pleanála na hÉireann, Gníomhaireachtaí Fuinnimh, Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW), Tionóil Réigiúnacha etc.
- Leanúint ag tacú le ÚÁanna chun an Chairt um Ghníomhú ar son na hAeráide (arna leasú) a chur i bhfeidhm.
- Tacaíocht bhreise a thabhairt mar a iarrann an CCMA nó an DECC trí choistí agus cainéil ábhartha.

Léargas Ginearálta

Taispeántar struchtúr rialachais na CAROanna i bhFíor 4. Is é an Grúpa um Chur i bhFeidhm Straitéiseach (SIG) an príomhchomhlacht cinnteoireachta maidir leis na CAROanna, arb é a chuspóir ceisteanna ardleibhéil straitéiseacha a mheas a bhaineann leis na CAROanna, aontú leis an gClár Oibre Bhliantúil, agus aon saincheisteanna a réiteach a thug Grúpa Bainistíochta CARO chun solais.

Déanann Grúpa Bainistíochta CARO (CMG) maoirseacht ar ghníomhaíochtaí, oibríonn sé go dlúth le húdarais áitiúla, agus stiúirann sé forbairt agus soláthar oibríochtúil an Chláir Oibre Bhliantúil. Is éard atá i gcoábhallaíocht an CMG na Stiúrthóirí Seirbhísí agus Comhordaitheoirí Réigiúnacha CARO ó Údarás Ceannais gach Réigiúin agus foireann shinsearach ón DCEE.

Bhunaigh CARO DM, ASBN agus ASBS Grúpaí Stiúrtha Réigiúnacha. Bunaíodh ceithre Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnacha chomh maith i ngach ceann d'fhoréigiúin CARO E&M. Is é cuspóir na nGrúpaí Stiúrtha Réigiúnacha príomhstraitéisí, príomhbheartais agus príomhchláir um ghníomhú ar son na haeráide a chuíchóiriú, a sholáthar agus tús áite a thabhairt dóibh ar aon dul leis an reachtaíocht náisiúnta, agus monatóireacht a dhéanamh ar Chlár Oibre CARO a sholáthar, go háirithe gníomhaíochtaí ina Réigiún. Is éard atá i gcoábhallaíocht na RSGanna na Stiúrthóirí Seirbhísí ó na húdarais Áitiúla sa Réigiún sin agus Comhordaitheoirí Réigiúnacha CARO ó Údarás Ceannais gach Réigiúin. Déanann na Stiúrthóirí Seirbhísí san Údarás Ceannais sa Réigiún sin cathaoirleacht ar na Grúpaí Stiúrtha Réigiúnacha.



Fíor 6: Struchtúr Rialachais na CAROanna

Cuirtear leis seo struchtúr rialachais láidir ar fáil ar leibhéal Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil, a chinntíonn comhordú agus ailíniú láidir le príomhpháirtithe leasmhara i dtionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide. Trí chaidreamh láidir a chothú leis an CCMA agus an DECC agus tacú le Plean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide (2025) (an tríú Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus Forbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021) agus le straitéis earnála an Údaráis Áitiúil “Gníomhú ar son na hAeráide Éifeachtach a Sholáthar 2030” (DECA 2030), glacann CARO le ról ríthábhachtach i rannpháirtíocht ar fud na hearnála a chur chun cinn.

De bhreis air sin, bhí páirt lárnach ag comhoibriú dlúth a chothú leis na Tionóil Réigiúnacha agus le comhpháirtithe straitéiseacha, cosúil leis an DCEE, an SEAI, an EPA, Oifigí Dramhaíola Réigiúnacha (RWMPO) agus an OPW i dtaobh rialachas aeráide a thabhairt chun cinn. Éascaítear le cruinnithe ráithiúla Ghrúpa Bainistíochta CARO monatóireacht agus measúnú ar dhul chun cinn leanúnach, agus cuirtear ardán ar fáil i gcrúinnithe débhlíantúla an Ghrúpa um Chur i bhFeidhm Straitéiseach chun straitéisí a chuíchóiriú agus oiriúnú do dhúshláin atá ag teacht chun cinn.



Teideal an Phictiúir: Baill de Chomhpháirtíocht Chuan Mó ag chéad chruinniú an tionscadail TalX2



Éachtaí 2025

Struchtúir Rialachais agus Maoirseacht a Neartú

Thacaigh na CAROanna i rith 2025 le comhordú agus ailíniú le príomhpháirtithe leasmhara ar fud na réigiún. Reáchtáladh 43 cruinniú struchtúrtha den Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnach san iomlán, rud a chinntigh cumarsáid chomhsheasmhach, foghlaim chomhroinnte agus cinnteoireacht chomhordaithe agus tacaíthe. Roinneadh eolas ó na cruinnithe seo go gníomhach chun tacú le comhoibriú agus le feabhsú leanúnach.

Chuir CAROanna le rialachas ar leibhéal náisiúnta freisin trí fhreastal gníomhach agus rannpháirtíocht i gcruinnithe, an méid a leanas ina measc:

Grúpa Bainistíochta CARO (CMG)

An Grúpa Comhairleach Straitéiseach (SAG)

Grúpa Comhairleach na DZanna

An Coiste Stiúrtha Oiriúnaithe Náisiúnta (NASC)

Líonra Oiriúnaithe Climate Ireland

An Grúpa Comhordaithe Náisiúnta Taighde Comhshaoil

Imeachtaí Oifigigh Feidhmíochta Fuinnimh (EPO)

Chuir na fóraim seo ar chumas monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn, saincheisteanna a réiteach, agus ailíniú le tosaíochtaí náisiúnta um ghníomhú ar son na haeráide a chinntiú.



Cás Gnó um Maoiniú do Thionscadail i gClár Oibre Bliantúil CARO.

Gach bliain forbraíonn na CAROanna clár oibre chun freastal ar riachtanais an Chomhaontaithe Seirbhíse a chur i bhfeidhm agus chun tacú le hobair na nÚdarás Áitiúil. Cuid bhunriachtanach den chlár seo a chur i bhfeidhm is ea tionscadail a sholáthar. Féach an Cás-Staidéar.



Cás Gnó um Maoiniú cur i bhfeidhm Pleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Tá Comhaontú Seirbhíse (2023 go 2028) i bhfeidhm idir an Roinn agus gach ceann de na tríocha a haon Údarás Áitiúil chun maoiniú a chur ar fáil d'fheidhmiú Pleananna um Ghníomhú Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide. Soláthraíonn an maoiniú suim sheasta a bhaineann le dhá phost foirne, ach ní sholáthraíonn sé aon mhaoiniú do thionscadail. Tá beagnach 4,000 gníomh le soláthar ar fud na 31 Plean um Gníomhú ar son na hAeráide, cuid acu a dteastaíonn maoiniú tionscadail uathu. Ina theannta sin, níl an méid seasta maoinithe dóthanach chun costais foirne uile roinnt Údarás Áitiúil a chlúdach.



Chun gur féidir leis na hÚdaráis Áitiúla na gníomhartha go léir ina bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm, d'aithin CARO CMG gur theastaigh maoiniú breise chun íoc as na costais foirne agus an obair thionscadail.

Threoraigh CARO ASBN an tionscadal seo chun iarracht a dhéanamh maoiniú breise a fháil, agus d'oibrigh sé i gcomhar le CMG CARO, an LGMA, an CCMA agus an SIG chun cás gnó a chur ar fáil in am do réamh-mheastacháin bhuiséid na Roinne i mí Aibreáin.

Ag tacú leis an aistriú go Bithghilleagar aeráidneodrach



Teastaíonn gníomhartha comhordaithe ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ó aistriú na hÉireann go bithghilleagar ciorclach aeráidneodrach. Thacaigh na CAROanna leis seo tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Rinne CARO E&M idirchaidreamh leis na trí Thionól Réigiúnacha maidir le deiseanna bithghilleagair atá ag teacht chun cinn.
- Chuir CARO E&M agus ASBS ceardlanna de théama bithghilleagair ar bun i gCluain Meala, Port Laoise agus Sligeach.

Chabhraigh an obair seo le comhordú réigiúnach agus feachtas ar dheiseanna bithghilleagair a neartú. Féach an Cás-Staidéar.

Rannpháirtíocht Trasteorann agus Uile-Oileáin

Leanann na CAROanna de thacú le comhoibriú trasteorann. Áiríodh leis seo rannpháirtíocht CARO E&M in imeacht a sheol Príomhfheidhmeannach Co-operation Ireland, a reáchtáladh i gCaisleán Chill Chainnigh an 8 Bealtaine, dar teideal Institiúidí Ardoideachais (HElanna) agus an Rialtas Áitiúil: Comhpháirtíocht le haghaidh Réitigh Phláinéadacha, a chuir an Fóram Údarás Áitiúil Uile-Oileáin ar siúl.

Thug an t-imeacht le chéile taighdeoirí agus oideachasóirí ollscoile, ceannairí Údarás Áitiúil, an lucht déanta beartas, agus líonraí inbhuanaitheachta chun comhoibriú trasteorann ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar na SDGanna a neartú. Ghlac CARO E&M páirt san imeacht seo trí an méid a leanas a dhéanamh.

- Idirchaidreamh le heagraithe imeachta
- Rannpháirtíocht mar chainteoir
- Cur le painéal téamúil

Díríodh san imeacht ar chomhoibriú trasteorann a neartú, peirspictíochtaí straitéiseacha a roinnt, agus a léiriú conas is féidir le hinstiúidí ardoideachais tacú le gníomhú ar son na haeráide áitiúil fianaisebhunaithe agus le comhpháirtíochtaí fadtéarmacha.

Tá CAROanna rannpháirteach freisin i dTionscadal Forbartha Saotharlann Bheo Talx2 agus san Fhóram Tránna agus Dumhcha, ar comhoibrithe uile-oileáin iad uile.





Scéim Criosanna Dícharbónaithe Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair.

Tá CARO E&M, CARO ASBN agus an DCEE ag obair i gcomhar le Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair chun foinse nua maoinithe a fhorbairt do DZanna. Scéim Deontais nua d'Údaráis Áitiúla i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair é an Scéim Criosanna Dícharbónaithe (Scéim DZ) a chuirtear ar bun faoi Chlár Réigiúnach ERDF Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair (Clár Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair 2021-2027).



Ciste um Aistriú Cóir an AE

Rinne na CAROanna idirchaidreamh freisin le Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (EMRA) maidir le:



- Ciste um Aistriú Cóir an AE (JTF) a chur i bhfeidhm trí Chlár Fiontraíochta an Réigiúin Lár Tíre.
- Tionscadail fhéideartha a fhorbairt do ghlaio nua ar JTF Thosaíocht 4, bailiú coincheapa agus smaointe tionscadail san áireamh chun raon feidhme an mhaoinithe a threorú.



KPlanna um Ghníomhú ar son na hAeráide

Lean CARO E&M de cheannaireacht a chur ar fáil maidir le monatóireacht feidhmíochta um ghníomhú ar son na haeráide tríd an nGrúpa Oibre KPlanna um Ghníomhú ar son na hAeráide. Féach an Cás-Staidéar.



Cás Gnó chun Poist bhuana um Ghníomhú ar son na hAeráide a chruthú in ÚÁanna.

Faoi láthair, is conarthaí téarma sheasta iad formhór na gconarthaí do phoist aeráide sna hÚdaráis Áitiúla agus sna CAROanna. D'eascair go leor athrúchán foirne san earnáil mar gheall air seo. Tá CARO E&M i gceannas ar ullmhú cáis gnó chun líon na bhfoirne aeráide atá ag teastáil a mheas agus chun údar a thabhairt do chruthú post buan.

I measc an dul chun cinn a rinneadh chun an Cás Gnó a thabhairt chun cinn:

- Ceadú chun tús a chur le cás gnó ag an ECCE an 25 Márta, mar urraitheoir Tionscadail.
- Doiciméad Tosaithe Tionscadail a cheadaigh an PSROG an 12 Meitheamh.
- Baill Bhoird Tionscadail a aithint a tionóladh i nDeireadh Fómhair.



Comhoibriú leis an SEAI ar Mheasúnuithe ar Chúnamh Stáit do Pathfinder

Chuaigh CARO ASBN agus an SEAI i gcomhairle le hAonad Cúnamh Stáit na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun a chinntiú go gcomhlíonann maoiniú an chláir Pathfinder rialacha Cúnamh Stáit.

- D'fhorbair CARO ASBN agus an SEAI teimpléad measúnaithe ar baineadh triail as in Waterworld i mBun Dobhráin, Co. Dhún na nGall, chun measúnú a dhéanamh ar cibé acu an bhféadfadh nó nach bhféadfadh maoiniú Pathfinder a bheith ina Chúnamh Stáit, trí scrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí, próifílí cuairteoirí, ról seirbhíse poiblí, déimeagrafaic áitiúil, tionchar eacnamaíoch agus ar éifeachtaí iomaíocha féideartha.
- Tá CARO ASBN agus an SEAI ag forbairt teimpléid chomhchosúla do chineálacha eile foirgneamh, lena n-áirítear foirgnimh chontae, stáisiúin dóiteáin, leabharlanna, ionaid fóillíochta, ionaid phobail agus amharclanna.
- Ligfidh seo d'údarais áitiúla measúnú a dhéanamh ag luathchéim sa tionscadal ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil Cúnamh Stáit i gceist.



Baill den Phobal agus na Comhairle Contae lasmuigh de Waterworld, Bun Dobhráin

Comhoibriú le LAWPRO agus Réitigh Dhúlra bhunaithe (NbS)

Chomhoibrigh CARO ASBS go dlúth le LAWPRO ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach. I measc na bpríomhéachtaí, bhí:

- Cur i láthair CAROanna ag Imeacht Réiteach Dúlra bhunaithe (NbS) LAWPRO i nDún Dealgan, i Meitheamh.
- Tugadh cuireadh do LAWPRO a bheith ina mball den Ghrúpa Oiliúna téamach ar Réitigh Dhúlra bhunaithe a bhunaigh CARO E&M.
- Chabhraigh CARO le LAWPRO chun clár oiliúna agus meantóireachta a dhearadh do 2026 chun cabhrú le húdarais áitiúla tionscadail chaipitil réiteach dúlra bhunaithe (NbS), atá maoinithe ag an DHLGH, a chur i gcrích.



Suiteán giolcarnáí lasmuigh d'Oifigí Chomhairle Contae Loch Garman, sampla de NbS





Ruairí Ó Conchúir (LAWPRO), i mbun cur i láthair ag an 3ú Tionól Bhliantúil Dumhcha, Bóthar na Trá, Gaillimh



Athbhreithniú ar an gChairt Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide

Tar éis ceardlann leis an earnáil Rialtais Áitiúil go luath in 2025 agus rannpháirtíocht leis an DCEE, ullmháíodh dréacht leasaithe den Chairt um Ghníomhú Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide.

- Cheadaigh an CCMA (Coiste an ECCE) an Chairt leasaithe i Márta.
- Fuarthas cead ó oifig an Aire O'Brien.
- Tá socruithe á gcur chun cinn idir an CCMA agus an DCEE chun an Chairt nuashonraithe a sheoladh go foirmiúil.



Tuarascáil Bhliantúil 2024

Soláthraíodh Tuarascáil Bhliantúil CARO 2024 i bhformáid nua níos inrochtana agus foilsíodh í ar CARO.ie, a thacaíonn le trédhearcacht, cuntasacht agus rannpháirtíocht an phobail.



Athbhreithniú CARO

Choimisiúnaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Fuinnimh (DCEE) athbhreithniú ar na CAROanna mar bheart réamhghníomhach chun dul i ngleic le haon easnaimh fhéideartha agus chun éifeachtacht na CAROanna a fheabhsú. Tríd an athbhreithniú seo, ba é aidhm an DCEE a chinntiú go bhfuil na CAROanna in ann tacú le hÚdaráis Áitiúla ina ról ríthábhachtach maidir le gníomhú ar son na haeráide a chur i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil, agus chun cuidiú le torthaí comhsheasmhacha agus tionchair a bhaint amach ar fud na hÉireann. Ghlac ceithre Oifig Réigiúnacha CARO páirt san athbhreithniú seo, agus bhí duine de Chomhordaitheoirí Réigiúnacha CARO ina bhall den Ghrúpa Stiúrtha Tionscadail, mar aon le hionadaíocht ón gcoiste ECCE. Críochnaíodh an tuarascáil deiridh i mí Iúil, agus dearbhaíodh inti ról ríthábhachtach na CAROanna maidir le cur ar chumas Údarás Áitiúil gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a chur i bhfeidhm. Aithnítear inti gur chuir na CAROanna comhordú, saineolas teicniúil agus tacaíocht straitéiseach ar fáil i measc na n-iarrachtaí oiriúnaithe agus maolaithe, agus gur chuidigh siad go suntasach le forbairt Pleananna um Ghníomhú Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide (CAPanna ÚÁ) agus le cumas a fhorbairt laistigh den earnáil. Rinneadh roinnt moltaí freisin chun tacú leis na CAROanna agus chun feabhas a chur ar an tseirbhís atá á soláthar.

Cuntasacht, Tuairisciú agus Ailíniú Rialachais

- Chuir CARO DM athbhreithniú i gcrích ar an bPlean Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide (2025), agus roinneadh é seo i measc na CAROanna uile.
- Ghlac gach Comhordaitheoir CARO Réigiúnach páirt sa Sainghrúpa Tuairiscithe, a thacaíonn le tuairisciú Údaráis Áitiúil níos fearr ar CAPanna ÚÁ. Bunaíodh an Grúpa (Grúpa Oibre Monatóireachta agus Tuairiscithe CAP ÚÁ) chun córas cuí monatóireachta agus tuairiscithe a fhorbairt agus a aontú do chur i bhfeidhm Pleananna um Ghníomhú Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide. Bhí an grúpa á riar ag an LGMA, rinne an CCMA agus an DCEE comhchathaoirleacht air, agus i measc na mball bhí na ceithre CARO, ionadaithe Údaráis Áitiúil, an DCEE, saineolaithe tionscail agus acadóirí. Bunaíodh é ar feadh tréimhse trí mhí ó Eanáir go Márta, agus cé go ndearnadh dul chun cinn, níor baineadh aontú amach ag an gcruinniú deiridh, agus cuireadh deireadh leis an ngrúpa go dtí go mbeadh tuilleadh rannpháirtíochta idir an CCMA agus an DCEE.

Rianú ar Ghníomhartha

- Bhí gach gníomh faoin bPacáiste Oibre seo ar an mbóthar ceart faoi dheireadh na bliana. Féach Aguisín 3.

Éilíonn soláthar chuspóirí an Phacáiste Oibre seo – Rialachas agus Comhpháirtíochtaí – rannpháirtíocht ar fud líonra leathan rialachais, agus féadfaidh sé seo d'úshláin a chruthú. Tugadh chun solais in athbhreithniú CARO roinnt deiseanna oibríochtúla agus struchtúracha chun cumas foriomlán na CAROanna a neartú agus a fheabhsú. Tá méadú tagtha ar shainchúram na CAROanna ó bunaíodh iad ar dtús, agus tá easpa soiléireachta tagtha chun cinn maidir le ról agus freagrachtaí. Aithníodh san athbhreithniú freisin gur bhain na conarthaí gearrthéarmacha d'fhoireann na CAROanna den chumas saineolas a fhorbairt agus a choinneáil.

Cruthaítear dúshláin freisin i samhail mhao inithe CARO. Cé go bhfuil maoiniú leordhóthanach ann chun costais foirne láithreacha a chlúdach, ní thacaíonn sé le hobair tionscadail ná leis na gealltanais fhadtéarmacha atá riachtanach le haghaidh gníomhú éifeachtach ar son na haeráide. Ina theannta si n, de réir mar a líonfar gach folúntas foirne, d'fhéadfadh an méid maoiniú don fhoireann a bheith ina cheist má cheapfar baill foirne ar leibhéal níos airde de na scálaí pá.

Caitheamh ar Phacáiste Oibre 1

Rialachas agus Comhpháirtíocht = €3,858 (costais agus speansais foirne as an áireamh)



Cás-Staidéar



WP 1 Rialachas agus Comhpháirtíochtaí

Neartú na Foirniúlachta – Biongó agus Cócaireacht – CARO DM

Cúlra

Príomhaidhm CARO is ea comhoibriú a chinntiú ar fud na nÚdarás Áitiúil chun tacú le soláthar a bpleananna um ghníomhú ar son na haeráide. Rinne **CARO DM** iarracht bealach nuálach a aimsiú chun foirne um Ghníomhú ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil Bhaile Átha Cliath (DLA) a spreagadh chun obair le chéile trí dheis a chruthú do dhaoine níos mó a fhoghlaim faoina chéile agus chun tógáil foirne a éascú.

An Gníomh a Rinneadh

- I mí na Nollag, d’eagraigh CARO DM ceardlann dhá chuid i gCistin Chomhroinntelona Fiontar Spade.
- Díríodh sa chéad chuid den cheardlann ar dhúshlán atá roimh na hÚdaráis Áitiúla – criosanna dícharbónaithe. Thug na cleachtaí don chuid seo den cheardlann na foirneisteach ar “Bingo na Cathrach 15 nóiméad” agus ar na Cloig Laethúla (ó Minority Report). Ba é cuspóir “Bingo na Cathrach 15 nóiméad” ná go rachadh daoine amach inambeirteanna agus go dtabharfaidís faoi deara cad atá nó nach bhfuil sa chomharsanacht. Chuir an dá chleachtadh bonn le plé faoi conas atá cáilíocht na beatha agus folláineceangailte leis na háiteanna ina mairimid, agus conas a d’fhéadfadh an díriú seo tacú le gníomhú ar son na haeráide.
- Bhain an dara cuid den cheardlann le rang cócaireachta le Sweetie ó Happy Hut, adhéanann speisialtóireacht ar úsáid comhábhar áitiúil i gcócaireacht dhomhanda. Marchócaire oilte a d’oibrigh i mbialanna Réalta Michelin i mBaile Átha Cliath, roinn sí a cuideolais ar an gcóras bia le foirne an DLA agus thug sí scileanna nua dúinn chun cabhrú le cur amú bia a laghdú.

Torthaí

D’éirigh go han-mhaith leis an imeacht ó thaobh neartú na foirniúlachta, líonrú agus comhoibriú idir foirne aeráide. Chruthaigh an dá chleachtadh léargas luachmhar ar fholláine bunaithe ar áit agus ar inbhuanaitheacht an chórais bia, rud a chabhraigh le tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar an ról lárnach atá ag córais bhia i ngníomhú ar son na haeráide. D’fhéadfadh sé seo spreagadh a thabhairt do rannpháirtithe na himeachtaí/an fhoghlaím a mhacasamhlú ina gceantair dhícharbónaithe féin agus i dtionscadail eile um ghníomhú ar son na haeráide.





Pleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide



Cás- Staidéar



WP2 CAPanna ÚÁ

Imeacht Líonraithe um Ghníomhú Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide CARO - CARO ASBS

Cúlra

I mí Aibreáin, bhailigh foireann ó 31 Údarás Áitiúil le chéile i Loch Garman le haghaidh imeacht dhá lá a d'eagraigh **CARO ASBS**. Thug an t-imeacht le chéile Comhordaitheoirí um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigigh um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigigh um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide, Stiúrthóirí Seirbhíse agus foireann shinsearach ón DCEE agus páirtithe leasmhara pobail chun an chéad bhliain iomlán de chur i bhfeidhm Phleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide a mheas, agus bhí 135 rannpháirtí ann.

An Gníomh a Rinneadh

Ar an gcéad lá den imeacht, threoraigh CARO turas allamuigh chuig tionscadail Oiriúnaithe agus Mhaolaithe ar fud Chontae Loch Garman, inar léiríodh na gníomhartha atá á ndéanamh ag an údarás áitiúil agus ag pobail, le tacaíocht ón DCEE.

Bhí lá a dó comhdhéanta de chainteoirí ó Údaráis Áitiúla, an DCEE, an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, an EPA, grúpaí pobail agus Clár na gCumann Glas CLG. Ní hamháin gur phléigh na cainteoirí beartas, feidhmeanna agus gníomhartha, ach thug siad cás-staidéir agus ceachtanna a foghlaimíodh chun suntais freisin. Cuireadh deiseanna móra ar fáil san imeacht don fhoireann líonrú le piaraí.

Torthaí

Ba imeacht an-rathúil é seo. Bhí díreach faoi bhun 100 rannpháirtí ar an turas allamuigh agus 135 rannpháirtí iomlán ar an dara lá den imeacht. Bhí an t-aiseolas thar a bheith dearfach maidir leis an turas allamuigh, an t-ionad agus cothromaíocht ábhar na comhdhála, agus bunaíodh agus coinníodh líonraí fiúntacha dá bharr. Bhí an t-imeacht féinmhaoinithe go héifeachtach, agus chlúdaigh an líon ard freastail na costais uile.

Pleananna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Tacú le gach Údarás Áitiúil chun a bPleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm i gcomhlíonadh an Achta um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.
- Tacú le comhordú agus idirchaidreamh le páirtithe leasmhara náisiúnta agus réigiúnacha.
- Comhordú réigiúnach agus náisiúnta a chinntiú i leith pleananna a chur i bhfeidhm agus dúbláil iarrachta sa phróiseas seo a laghdú.

Léargas Ginearálta

Thacaigh na CAROanna le cur i bhfeidhm Pleananna um Ghníomhú Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide (CAPanna ÚÁ), rud a bhí mar phríomhfhócas ag Foirne Aeráide na nÚdarás Áitiúil de réir mar a chuaigh na pleananna isteach sa dara bliain tar éis gur glacadh leo. Mar gheall go bhfuil beagnach 4,000 gníomh le cur i bhfeidhm ar fud na 31 Údarás Áitiúil thar thréimhse cúig bliana, chuir gach údarás áitiúil a ndul chun cinn sa chéad bhliain i láthair dá mBaill Thofa. Chabhraigh CARO le teimpléid a fhorbairt a d'úsáid roinnt Údaráis Áitiúla chun críocha tuairiscithe.

Dhírigh na CAROanna freisin ar chumas a neartú laistigh d'údaráis áitiúla, ar fhoghlaím chomhroinnte a chur chun cinn, ar thacaíocht a thabhairt do theacht ar mhaoiniú agus saineolais theicniúil, agus ar fheabhas a chur ar chomhordú trasna réigiún agus earnálacha. Ba imeacht forbartha acmhainne é Imeacht Líonraithe Bliantúil CARO i mí Aibreáin, a léirigh an méid atá bainte amach ag Údaráis Áitiúla ina gcéad bhliain de chur i bhfeidhm a CAPanna ÚÁ agus tugadh deis ann an méid a foghlaimíodh a roinnt.

Ba scéal mór ratha freisin é cur i ngníomh Phleananna um Chur i bhFeidhm na gCriosanna Dícharbónaithe (DZanna). Tá na CAROanna páirteach go gníomhach sa Ghrúpa Comhairleach DZanna, réamhghníomhach sa Phríomhghrúpa DZanna agus d'oibrigh siad leis an DCEE chun maoiniú a fháil ó fhoinsí éagsúla chun cur i bhfeidhm ghníomhartha na DZanna a éascú. Tá ról comhordaithe agus tacaíochta ag na CAROanna chun cabhrú le húdaráis áitiúla a bpleananna a chur i bhfeidhm. Áiríodh leis seo rannpháirtíocht le ranna agus gníomhaireachtaí náisiúnta, páirt a ghlacadh i ngrúpaí comhairleacha agus tuairiscithe saineolaithe, forbairt uirlisí agus bunachair sonraí chomhroinnte, agus soláthar oiliúna spriocdhírthe, cuairteanna láithreáin agus imeachtaí líonraithe, agus ailiníú le beartas náisiúnta, tosaíochtaí réigiúnacha agus gníomhartha earnála á chinntiú ag an am céanna.



Éachtaí
2025

Tacú le CAPanna ÚÁ agus Criosanna Dícharbónaithe a Chur i bhFeidhm

Thacaigh na CAROanna le cur i bhfeidhm leanúnach CAPanna ÚÁ ar fud na n-údarás áitiúil uile trí chomhairle, treoir agus comhordú a chur ar fáil i gcomhar le Foirne um Ghníomhú Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide. Dhírigh an obair seo ar acmhainn áitiúil a thógáil agus a chothabháil chun Pleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Pleananna um Chur i bhFeidhm na gCriosanna Dícharbónaithe araon a sholáthar.

- D'eagraigh CARO DM, i gcomhar leis an OECD, ceardlann dar teideal “Towards a shared narrative focused on health to rethink the public realm for sustainable mobility” i mí na Samhna. Bhí an cheardlann seo oscailte d'údaráis áitiúla agus do phríomhpháirtithe leasmhara taistil ghníomhaigh, oifigigh rialtais, NGOanna a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta, gairmithe (dochtúirí, innealtóirí, iriseoirí) agus don saol acadúil. Scrúdaíodh sa cheardlann tábhacht iarrachtaí cumarsáide gníomhaí agus díriú ar shláinte chun soghluaisteacht inbhuanaithe a luathú, agus rinneadh iniúchadh freisin ar athdháileadh spáis phoiblí i bhfabhar modhanna gníomhacha agus comhroinnte, agus béim ar na tairbhí sláinte. Glacadh go maith leis an gceardlann, agus bhí breis agus 50 rannpháirtí i láthair, agus úsáidfear an léargas chun obair leanúnach ar aeráid agus sláinte a threorú a bheidh le déanamh ag CARO DM in 2026.



Lucht Freastail ag Ceardlann Aeráide agus Sláinte an OECD

Creatchonartháí chun Tacú leis an CAP ÚÁ a Sholáthar

Choinnigh CARO E&M creataí i bhfeidhm chun cabhrú le húdaráis áitiúla tacaíocht speisialtóireachta a fháil trí sholáthar poiblí le haghaidh cur i bhfeidhm CAPanna ÚÁ.

- Bhí CARO E&M i mbun rannpháirtíochta le húdaráis áitiúla de réir riachtanais.
- D'úsáid údarás áitiúil amháin an creat i rith 2025 chun seirbhísí tacaíochta a fháil, agus tugadh tacaíocht dó in ullmhú doiciméad miontaisceana agus i mbainistíocht an ardáin eTenders.
- Rinne Oifig Soláthair Chomhairle Contae Chill Dara maoirseacht ar thuairisciú agus ar chomhordú, a chinntigh comhlíonadh rialachais agus soláthair.





Bainistíocht Bunachair Sonraí CAP ÚÁ agus Criosanna Dícharbónaithe

Rinne CARO bainistiú agus cothabháil ar an mBunachar Sonraí CAP ÚÁ agus Criosanna Dícharbónaithe chun:

- Príomhlimistéir thosaíochta a aithint
- Comhordú i gcur i bhfeidhm a chur chun cinn
- Eolas a sholáthar d'idirchaidreamh struchtúrach le páirtithe leasmhara náisiúnta agus réigiúnacha

D'fhorbair CARO E&M an bunachar sonraí daingean in 2024 agus lean sé de bheith ar bun agus á úsáid go gníomhach i rith 2025. Cuireadh gach tuairisc a iarradh i gcrích, agus is féidir iarrataí breise ar shonraí a sholáthar de réir mar is gá. Taispeánadh an bunachar sonraí d'oifigigh an DCEE i bhFeabhra.



Grianghraf: Cuibhrinn Phobail Inis Córthaidh



Treoir, Oiliúint, Ceardlanna agus Cuiarteanna Suímh

Thacaigh na CAROanna le forbairt agus cur i bhfeidhm faisnéise, treorach agus deiseanna foghlama d'údaráis áitiúla ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus foréigiúnach. D'eagraigh agus d'éascaigh CARO E&M dhá cuairt láithreáin d'údaráis áitiúla, an méid a leanas ina measc:

- Tugadh cuairt ar Cheatharlach chun dearadh agus feidhmiúlacht gairdín uisce báistí a scrúdú.
- Cuairt ar Mannok Cement, Doire Loinn, Co. Fhear Manach, chun foghlaim faoi tháirgeadh stroighne inbhuanaithe.

Thacaigh na cuiarteanna suímh seo le foghlaim phraiticiúil idir piaraí faoi réitigh nuálacha um ghníomhú ar son na haeraíde.



Grúpa Comhairleach na gCriosanna Dícharbónaithe

Chas Grúpa Comhairleach na gCriosanna Dícharbónaithe le chéile trí huair le linn na bliana. Bunaíodh é in 2024 mar chomhthionscnamh idir an DCEE



agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (an SEAI) chun cur chuige comhoibríoch agus struchtúrach a chur ar fáil ar leibhéal náisiúnta chun tacú le húdaráis áitiúla a DZanna a chur i bhfeidhm.

Aithníodh trí fhoinse maoinithe do DZanna tríd an ngrúpa seo freisin. Tá ionadaíocht ag na ceithre CARO go léir freisin ar ‘an gCroíghrúpa DZanna’ nuabhunaithe a dhíríonn ar chur i bhfeidhm a thiomáint.

Maoiniú do Thionscadail i gCriosanna Dícharbónaithe

Rinne Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair agus an DCEE an Scéim Criosanna Dícharbónaithe a chomhdhearadh, le hionchur ó CARO ASBN agus E&M chun dul i ngleic le cuspóirí Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha.

Tá dhá limistéar gnímh sa Scéim:



- Gníomh 2.4.1: Oiriúnú don Aeráid agus Riosca agus Teacht Aniar ó Thubaiste
- Gníomh 2.7.1: Bithéagsúlacht agus Bonneagar Glas

Is é luach iomlán na Scéime €2.5 milliún, agus tá sí á comh-mhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus an tAontas Eorpach. Roinnfear an ciste go cothrom idir an dá ghníomh, agus beidh €1.25 milliún de mhaoiniú incháilithe do gach gníomh. D’oibrigh CAROanna ASBN agus E&M go dlúth leis an NWRA chun an scéim a fhorbairt, a osclaíodh an 28 Samhain, agus tugadh cuireadh d’iarratais ó na naoi n-údarás áitiúla sa réigiún. Dúnfar iarratais i bhFeabhra 2026, agus tá sé beartaithe go gcuirfear na tionscadail rathúla, a bheidh maoinithe 100%, i bhfeidhm le linn 2026 agus go luath in 2027.

ESPON – Anailís Spriocdhírithe na hÉireann do DZanna (ITADZ)



D’fhreastail CARO DM ar chruinniú tosaithe an Ghréasáin Faire Eorpaigh um Fhorbairt Chríochach agus um Chomhtháthú Críochach (ESPON) – Anailís Spriocdhírithe na hÉireann do DZanna (ITADZ). Rinne an Roinn Aeráide, Comhshaoil agus Fuinnimh iarratas ar ghlao tionscadal ESPON faoin gclár Anailíse Spriocdhírithe go déanach in 2024 ar thionscadal taighde DZ chun fianaise chríochach Eorpach nua a chur ar fáil (an tionscadal “ITADZ”). Roghnaíodh an togra Éireannach laistigh den chreat “Críocha aeráidneodracha”. Is tionscadal taighde agus anailíse spásúla ar mhórsála a bheidh ann, le buiséad thart ar €230,000, chun faisnéis luachmhar a bhailiú faoin tionscnamh DZ agus chun moltaí a chur chun cinn a threoróidh beartas DZ. Roghnaíodh tairgeoir go déanach in 2025, tionóladh an cruinniú tosaithe i mí na Nollag, agus tá sé beartaithe go dtiocfaidh an tionscadal chun críche go luath in 2027.

Líonrú agus Foghlaim ar fud na hEarnála



I mí Aibreáin, d’eagraigh CARO ASBS imeacht náisiúnta líonraithe dhá lá i Loch Garman, inar tugadh le chéile:

- Foireann ó 31 údarás áitiúil, Stiúrthóirí Seirbhíse san áireamh.
- Comhordaitheoirí agus Oifigigh um Ghníomhú ar son na hAeráide



- Oifig Phobail um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Foireann ó na CAROanna go léir
- Oifig shinsearach na DCEE agus páirtithe leasmhara pobail.

Mheall an t-imeacht lucht freastail 135 duine agus ba é an chéad bhliain iomlán de chur i bhfeidhm an CAP ÚÁ.

- Tugadh cuairteanna suímh ar thionscadail um ghníomhú ar son na haeráide ar fud Chontae Loch Garman ar Lá 1, agus tacaíodh le go leor acu trí mhaoiniú CCAP.
- Bhí comhdháil ar Lá 2, ina raibh cainteoirí ón DCEE, LAWPRO, an EPA, Comhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, eagraíochtaí pobail agus údarais áitiúla.

Ba imeacht féinmhaoinithe é an t-imeacht agus níor thabhaigh sé aon chostas glan ar bhuiséad CARO. Féach an Cás-Staidéar.



Tuairisciú Téamúil Earnála

D'fhoilsigh CARO ASBS seacht dtuarascáil earnála ardleibhéil CAP ÚÁ a roinneadh le páirtithe leasmhara, ranna rialtais san áireamh.



Tuairisciú CAP ÚÁ

Cé gur chuir formhór na nÚdarás Áitiúil tuairisciú cuimsitheach ar fáil dá mBaill Thofa, thacaigh na CAROanna le cur chun cinn dea-chleachtais trí mhodhanna eile.

Táirgeadh ceithre fhíseán ghearra inar leagadh béim ar nuálaíocht agus dea-chleachtas, an méid a leanas ina measc:

- FT3 Tionscnaimh foraoiseachta i Loch Garman.



- Flít leictreach a chur i bhfeidhm i gComhairle Cathrach Chorcaí.
- Foirgneamh nua nach mór neodrach ó thaobh fuinnimh i gComhairle Contae Chiarraí.
- Grianphainéil Chomhairle Contae Chorcaí ar Dhíon Saotharlainne.

Féach an Cás-Staidéar.



An Fóram Náisiúnta Páirtithe leasmhara Aeráide

Rinne CARO ASBS cur i láthair ar dhul chun cinn chur i bhfeidhm an CAP ÚÁ ag an 6ú Fóram Náisiúnta Páirtithe Leasmhara Aeráide a d'eagraigh an DCEE i gCorcaigh i mí na Bealtaine.

Bacainní

Cé go ndearnadh go leor dul chun cinn i gcur i bhfeidhm CAPanna ÚÁ, aithníodh roinnt dúshlán:

- An gá le haontú ar chur chuige caighdeánaithe maidir le tuairisciú ar dhul chun cinn an CAP ÚÁ.
- An gá le suíomh gréasáin CARO a fhorbairt mar ardán náisiúnta digiteach tuairiscithe do CAPanna ÚÁ.
- Maoiniú do thionscadail chun cabhrú le hÚdaráis Áitiúla gníomhartha a chur i bhfeidhm.
- Cé go n-aithnítear gur aithníodh foinsí maoinithe breise do DZanna, maoiniú foirne san áireamh don Phobal Feasta, an Mhala Raithní, tá an gá go mbeadh foire ann ag tacú le pobail ina dhúshlán go fóill nach bhfuil dtagann faoi shainchúram na CAROanna.
- Níor cuireadh an gníomh chun dea dea-chleachtas agus samplaí nuálaíocha a aithint agus iad sin a scaipeadh ar fud na hearnála mar gheall ar mhoill ar thuairisciú an C CAP ÚÁ. Mar sin féin, léiríodh sna ceithre fhíseán dá dtagraítear thuas dea dea-chleachtas.
- Cé gur tharla roinnt rannpháirtíochta leis na Tionóil Réigiúnacha maidir le pleanáil spásúil agus CAPanna ÚÁ, ní dheachaigh an mhír seo chun cinn chomh fada agus a bhíodhas ag súil leis.

Caitheamh ar Phacáiste Oibre 2

Plean um Ghníomhú Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide = €1,124 (costais agus speansais foirne as an áireamh)



Cás- Staidéar



WP2 CAPanna ÚÁ

Cás Gnó chun Tacú le Maoiniú tionscadal i gClár Oibre Bliantúil CARO

Cúlra

Mar chuid de Chlár Oibre CARO 2025 a ullmhú, chuir **CARO ASBN** in iúl don Roinn nach mbeadh maoiniú ar fáil, tar éis gur líon an sa Roinn poist foirne i ngach CARO, chun tabhairt faoi thionscadail agus gur theastaigh caitheamh mór ó thionscadail áirithe mhóra. Tugadh an tsaincheist seo chun solais lena plé ag Cruinniú an CMG an 10/12/24 in Abhainn Eidhneach, Contae Mhaigh Eo.

An Gníomh a Rinneadh

- D'aontaigh an CMG go n-ullmhófaí cás gnó don Roinn agus go gcuirfí isteach é i mí Aibreáin in am do na réamh-mheastacháin bhuiséid do 2026.
- Rinne CARO ASBN, mar Údarás Ceannais, teagmháil leis an LGMA agus d'ullmhaigh sé an chéad dréacht den chás gnó, chomh maith le dul i gcomhairle leis na CAROanna réigiúnacha uile.
- Aontaíodh an dréacht ag cruinniú an DOS/Comhordaitheoirí Réigiúnacha an 18 Márta agus cuireadh faoi bhráid Choiste an ECCE é lena cheadú an 25 Márta.
- Ceadaíodh an dréacht ag cruinniú an ECCE faoi réir mionathruithe.
- Athfhormáidíodh an dréacht isteach sa teimpléad a bhí riachtanach do chruinniú Choiste an PSROG i mí Aibreáin.
- Scríobh Stiúrthóir Seirbhísí CARO ASBN chuig an Rúnaí Cúnta sa Roinn an 4 Aibreán inar leagadh amach na figiúirí don chás gnó seo agus do chás eile maidir le maoiniú breise CAP ÚÁ.
- Cuireadh an cás gnó faoi bhráid Choiste an PSROG.
- Pléadh an cás gnó ag cruinniú an SIG an 15 Aibreán agus cuireadh chun cinn é ag an Roinn sna réamh-mheastacháin bhuiséid.

Torthaí

Tá an cás gnó tar éis dul chun cinn trí gach céim de phróiseas buiséid 2026 sa DCEE agus táthar ag súil go ndéanfar fógra go luath in 2026.



Cás-Staidéar

WP2 CAP ÚÁ



Cathracha Mhisean an AE - Misean Gealaí don Neodracht faoin mBliain 2030 – CARO DM

Cúlra

Is tionscnamh iad na Misin a thagann faoi Fhís Eorpach (2021-2027), beartas taighde agus nuálaíochta an Aontais Eorpaigh. Cathracha Mhisean an AE iad Baile Átha Cliath agus Corcaigh. Is Cathair Mhisin í Cathair na Gaillimhe freisin agus tá sí ag glacadh páirte go neamhspleách ar CARO i gClár Píolótach Cathracha NetZeroCities an AE. Is é aidhm an mhisin acmhainn a neartú agus maoiniú um ghníomhú aeráide a chinntiú trí “Lipéad an Mhisin” a bhronnadh. Chun Lipéad an Mhisin a fháil, bhí ar chathracha conradh cathrach aeráide a chur isteach ina leagtar amach uailmhian na cathrach comhchruthú le páirtithe leasmhara áitiúla agus saoránaigh chun neodracht a bhaint amach.

An Gníomh a Rinneadh

Ullmhaíodh conarthaí cathrach aeráide, pleananna gníomhaíochta agus pleananna infheistíochta do Chathracha Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, an méid a leanas ina measc:

- Ag tógáil sainordú láidir laistigh den rialtas áitiúil, an t-éiceachóras cathrach áitiúil agus na páirtithe leasmhara uile.
- Foireann Aistrithe a fhorbairt chun struchtúir rialachais chomhoibríocha agus líonraí a thógáil agus chun tacaíocht agus glacadh a neartú.
- Bonnliíne astaíochtaí GCT a leagan síos, measúnú ar an staid reatha, léarscáiliú córais, agus anailís ar na bearnaí a sheasann sa bhealach i dtreo uailmhian 2030.
- Comhchruthú punann gníomhaíochtaí, conairí tionchair agus comhfhorbairt gníomhartha aeráide, chomh maith le roghnú táscairí chun monatóireacht, meastóireacht agus foghlaim a dhéanamh san áireamh.

Torthaí

Fuair Cathair Bhaile Átha Cliath agus Cathair Chorcaí a Lipéid Mhisin araon i mí na Bealtaine, ag searmanas in Vilnius, an Liotuáin. Príomhthoradh a bhí ann ná an t-aitheantas go raibh próiseas an Chonartha Cathrach Aeráide dúshlánach, ach gur chuir sé ar chumas athbheithniú cuimsitheach a dhéanamh ar thírdhreach beartais aeráide na hÉireann agus gur léirigh sé na deacrachtaí a bhíonn ag Údaráis Áitiúla maidir le bailiú sonraí, rochtain, anailís, agus sonraí a aistriú ina mbearta beartais éifeachtacha.



05

Oiriúnú



Cás-Staidéar



WP 3 Oiriúnú

UHI agus Daoine Leochaileacha – CARO DM

Cúlra

Ag aithint gur riosca aeráide é teas atá roimh Bhaile Átha Cliath agus Éirinn, chuir **CARO DM** tús le tionscadal taighde gearr chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil dlínsí eile ag freagairt d'iarmhairtí tonnta teasa, go háirithe maidir le baill leochaileacha den tsochaí. Is é cuspóir an tionscadail seo moltaí beartais a chur ar fáil d'Údarás Áitiúla maidir le riosca teasa.

An Gníomh a Rinneadh

- Rinne Karen Gill, mac léinn fochéime DCU ar intéirneacht le CARO DM, tionscadal taighde deisce.
- Díriodh sa taighde ar an leochaileacht a chruthaíonn teas, cé hiad na daoine leochaileacha, agus ar an méid atá á dhéanamh faoi láthair chun rioscaí a mhaolú go háitiúil agus go hidirnáisiúnta.
- Cruthaíodh Tuarascáil ina dtugtar cuntas ar na torthaí.

Torthaí

Tharraing an taighde deisce aird ar na dúshlán atá romhainn agus ar na rioscaí a bhíonn roimh dhaoine leochaileacha (daoine scothaosta, mná torracha, naíonáin réamhthéarma, naíonáin, leanaí agus daoine faoi mhíchumas). Bíonn rioscaí ar leith roimh gach ceann de na grúpaí seo, agus féadfar iad a dhéanamh níos casta fós ag a stádas socheacnamaíoch agus tréithe déimeagrafacha eile. Leagadh béim san obair seo ar luach cláir do dhaoine leochaileacha agus ar an tábhacht a bhaineann le heolas a chur ar fáil atá saincheaptha do ghrúpaí ar leith. Forbrófar an obair seo tuilleadh i gcomhar le taighde domhain atá á dhéanamh ag taighdeoirí UCD ar éifeachtaí an teasoileáin uirbigh i mBaile Átha Cliath.



Cás-Staidéar



WP 3 Oiriúnú

An Fóram Tránna agus Dumhcha – CARO ASBN

Cúlra

Tá tránna agus dumhcha na hÉireann faoi bhrú mar gheall ar athrú aeráide agus úsáid mhéadaithe ag an bpobal. Léirigh an pobal spéis láidir sa Tionscadal Oiliúna um Oiriúnú Aeráide Tránna agus Dumhcha (2024) agus an Feachtas Ár nDumhcha a Chosaint (2021–ar aghaidh) ina measc, ach leagadh béim iontu freisin ar bhearnaí tionscadail roimhe seo. Bhí grúpaí ag obair ar leithligh, ní raibh acmhainní á roinnt, agus ní raibh aon áit eagraithe le haghaidh treorach ná comhoibriú. Chruthaigh sé seo riachtanas soiléir le fóram náisiúnta comhordaithe chun daoine a thabhairt le chéile, dea-chleachtas a roinnt agus tacú le bainistiú inbhuanaithe dumhcha.

An Gníomh a Rinneadh

Bunaíodh an Fóram Náisiúnta Tránna agus Dumhcha in 2025 go foirmiúil chun feachtas a neartú, comhordú a fheabhsú agus tacú le hiarrachtaí athchóirithe. I measc na bpríomhghníomhartha, bhí:

- An suíomh gréasáin Dunes.ie a fheabhsú le go mbeidh sé ina lárionad do shaineolas ar dhumhcha, do threoir agus d'uirlisí praiticiúla.
- An Tionól Náisiúnta Dumhcha a chur ar bun inar nascadh baill atá ann cheana agus baill nua.
- Ballraíocht a leathnú chun pobail, Údaráis Áitiúla, an lucht acadúil agus gníomhaireachtaí stáit a chur san áireamh.
- Trí ghrúpa oibre a bhunú ar na hábhair seo a leanas:
 - prótacail d'oibreacha ar dhumhcha
 - fálú inbhuanaithe gainimh
 - pleanáil do Thionól Dumhcha 2026

Torthaí

Faoi dheireadh 2025, bhí cur chuige inrochtana agus comhordaithe maidir le bainistiú dumhcha bunaithe ag an bhFóram. I measc na bpríomhthorthaí, bhí:

- Cruthú ardán náisiúnta a chruthú a thugann páirtithe leasmhara le chéile chun tacú le gníomhaíocht chomhpháirteach.
- Coiste Fóraim a fhorbairt, le tacaíocht ó Théarmaí Tagartha (TOR) soiléire, chun obair a threorú ar chúram dumhcha, athchóiriú agus cleachtas comhsheasmhach.
- Líonra idir piaraí a chruthú chun eolas, uirlisí agus taithí phraiticiúil a roinnt.
- Tacú le tionscnaimh faoi stiúir ball trí fhoghlaim chomhroinnte agus piarthacaíocht.

Oiriúnú

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- An t-oiriúnú a chur chun cinn ar fud earnáil an Údaráis Áitiúil, ag aithint go bhfuil go leor gníomhartha á dtaifeadadh sna CAPanna UÁ.
- Tacú le hobair an Ghrúpa Stiúrtha Náisiúnta um Oiriúnú (NASC).
- Leanúint d'idirchaidreamh a dhéanamh le Pleananna Earnála um Oiriúnú don Aeráid agus páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre náisiúnta gaolmhara atá á gcomhordú ag an rialtas láir.
- Tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a chur ar fáil ar na
- straitéisí/Pleananna Gníomhaíochta um oiriúnú d'athrú aeráide don CCAC.

Léargas Ginearálta

Is cuid ríthábhachtach d'fhreagairt an rialtais áitiúil ar thionchair aeráide é oiriúnú don athrú aeráide, amhail tuilte, creimeadh cósta, imeachtaí drochaimsire agus ardú teochta. Forbairt shuntasach ar leibhéal náisiúnta ba ea an Measúnú Náisiúnta Riosca Athraithe Aeráide (NCCRA), a d'fhoilsigh an EPA i mí an Mheithimh, ina n-aithnítear na príomhrioscaí aeráide roimh Éirinn chun cabhrú le tús áite a thabhairt do ghníomhartha agus acmhainní a threorú. Bhí an NCCRA ina acmhainn thábhachtach chun tacú le forbairt an Dara Babhta de Phleananna um Oiriúnú Earnála faoin gCreat um Oiriúnú Náisiúnta. Go náisiúnta, tacaíonn na CAROanna le húdaráis áitiúla chun breithnithe oiriúnaithe a chuimsiú i bpleanáil, infheistíocht agus soláthar seirbhísí, agus ag an am céanna ailíniú a chinntiú le beartas náisiúnta um oiriúnú agus le Pleananna um Oiriúnú Earnála.

In 2025, dhírigh na CAROanna ar an gcomhordú le comhpháirtithe earnála a neartú, ar chumas na nÚdarás Áitiúil a fheabhsú, ar réitigh dhúlra bhunaithe a chur chun cinn, agus ar chur le tuairisciú náisiúnta ar oiriúnú. Áiríodh leis seo rannpháirtíocht ghníomhach i ngrúpaí oibre, ionchur i straitéisí agus measúnuithe riosca náisiúnta, treoir phraiticiúil a fhorbairt, agus cur i bhfeidhm tionscnamh spriocdhírithe um oiriúnú ar fud na réigiún. Áiríodh leis seo rannpháirtíocht ghníomhach i ngrúpaí oibre, ionchur i straitéisí agus measúnuithe riosca náisiúnta, treoir phraiticiúil a fhorbairt, agus cur i bhfeidhm tionscnamh spriocdhírithe um oiriúnú.



Grianghraf: Lucht Freastail ag an 3ú Tionól Bliantúil Dumhcha



Éachtaí

Tacaíocht do Chomhairliúchán ar na Dréachtpleananna um Oiriúnú Earnála 2025 (SAP)

D'oibrigh na CAROanna le comhpháirtithe náisiúnta agus earnála chun tacú le forbairt na bPleananna um Oiriúnú Earnála 2025 ar fud 13 Earnáil, is iad sin Talmhaíocht, Bithéagsúlacht, Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta, Líonraí Cumarsáide, Líonraí Leictreachais agus Gáis, Bainistíocht Riosca Tuilte, Foraoiseacht, Sláinte, Bia Mara, Turasóireacht, Bonneagar Iompair, Cáilíocht Uisce agus Bonneagar Seirbhísí Uisce.

Thacaigh na CAROanna le coiste LGMA/ECCE de chuid an CCMA maidir le haighneachtaí a dhéanamh ar na dréachtpleananna éagsúla seo a leanas:

- CARO ASBN – Pleananna um Oiriúnú Earnála don Bithéagsúlacht, Líonraí Cumarsáide agus Talmhaíochta.
- CARO E&M – Pleananna um Oiriúnú Earnála do Thurasóireacht agus do Bhainistíocht Riosca Tuilte.
- CARO ASBS – Pleananna um Oiriúnú Earnála do Bhonneagar Seirbhísí Uisce, Cáilíocht Uisce, Foraoiseacht agus Bia Mara.
- CARO DM – Pleananna um Oiriúnú Earnála do Líonraí Leictreachais agus Gáis, Bonneagar Iompair, Oidhreacht Thógtha agus Seandálaíochta agus Sláinte.



Grianghraf: An tAire Darragh O'Brien - Pleananna um Oiriúnú Earnála d'Athrú Aeráide



Modheolaíocht Riosca agus Leochaileachta d'Údaráis Áitiúla

D'fhorbair CARO ASBN, i gcomhoibriú le Climate Ireland, modheolaíocht leathchainníochtúil Mheasúnaithe ar Riosca agus Leochaileacht Aeráide in 2022 chun pleanáil teacht aniar a fheabhsú. Ligeann an obair seo aithint rioscaí agus an acmhainn oiriúnaithe a dhéanamh. Chuaigh ASBN CARO i gcomhairle leis an EPA maidir leis na nuashonruithe riachtanacha ar an modheolaíocht chun teacht



leis an Measúnú Náisiúnta Riosca Athraithe Aeráide (NCCRA) a foilsíodh i Éachtaí Meitheamh. Aithníodh leis seo go raibh gá le nuashonruithe beaga, go príomha chun tagairtí do thuar aeráide a nuashonrú agus béim níos mó a chur ar leochaileacht shóisialta seachas ar nochtadh agus leochaileacht fhisiciúil amháin.

Líonraí Oiriúnaithe a Fhorbairt agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Thacaigh na CAROanna le forbairt líonraí agus le comhoibriú i measc príomhpháirtithe leasmhara oiriúnaithe, rannpháirtíocht san áireamh le Líonra Oiriúnaithe Climate Ireland (CIAN).

- Thacaigh agus chuir CARO DM agus CARO E&M le himeacht CIAN i mí na Samhna, inar díríodh ar phríomhdhúshláin oiriúnaithe agus ar fhorbairtí straitéiseacha laistigh den rialtas áitiúil.
- Rinne CARO ASBN cur i láthair a chur ar siúl agus d'éascaigh siad díospóireacht phainéil ag Comhdháil Aeráide Mary Robinson. Ba é téama na Comhdhála 'Misneach i nGéarchéim' – ár misneach chun smaoineamh agus gníomhú ar bhealaí difriúla, chun sean-nósanna, bealaí agus iompraíochtaí a dhearmad agus a athfhoghlaim, i dtaca leis an saol laethúil agus le hathrú níos leithne ar bheartais agus ar rialachas araon. Bhí údarais áitiúla, baill den phobal agus acadóirí i láthair ag an gcomhdháil.
- Rinne CARO E&M ionadaíocht ar earnáil na nÚdarás Áitiúil ar Ghrúpa Comhairleach Teicniúil Climate Ireland, trí fhreastal ar thrí chruinniú agus cur leis na cruinnithe sin.



Grianghraf: Laura Dixon le Mary Robinson agus leis an Dr Aoibheann Ní Shuilleabhán ag Comhdháil Aeráide agus Dúlra Mary Robinson 2025, Béal an Átha.

Tacú le hAilíniú Pleanála Éigeandála agus Freagartha ar Dhrochaimsir agus Tubaistí

Thacaigh na CAROanna le Foirne Measúnaithe Drochaimsire na nÚdarás Áitiúil (SWATanna) chun ailíniú le riachtanais náisiúnta phleanála éigeandála a chinntiú. Chuir E&M CARO an obair seo chun cinn trí chlár oiliúna oiriúnaithe, ag obair i gcomhar leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Éigeandála agus le Met Éireann. Aontaíodh le coimre oiliúna, agus bunaíodh Grúpa Oiliúna Teicniúil chun tacú leis an soláthar.





Tuairisciú Náisiúnta ar Oiriúnú

Thacaigh na CAROanna le riachtanais tuairiscithe reachtúla trí thuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a chur ar fáil don Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (CCAC).

- Bhailigh CARO E&M eolas oiriúnaithe ó údaráis áitiúla, chríochnaigh sé dréacht-scórchárta agus chuir sé faoi bhráid an LGMA é le haghaidh síniú deiridh ag an ECCE i mí Aibreáin.



Grianghraf: Foireann Aeráide CARO ASBN agus Chomhairle Contae na Gaillimhe le Marie Donnelly, Cathaoirleach, an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide

Saotharlann Bheo TalX2 a Fhorbairt

Tionscnamh Éireannach atá maoinithe ag an EPA é tionscadal TalX2 atá faoi stiúir MaREI/UCC agus is iad Northern Ireland Environment Link (NIEL) na comhpháirtithe. Bunaítear ann samhail 'saotharlann bheo' a thugann pobail, páirtithe leasmhara, agus gníomhaireachtaí rialtais le chéile mar chomhpháirtithe cothroma chun pleanáil a dhéanamh do thodhchaí éiginnte aeráide agus chun réitigh oiriúnaithe a leathnú. Fónann CARO ASBN agus CARO DM ar an mBord Comhairleach a thacaíonn le Saotharlann Bheo Chuan Mó, faoi stiúir Chomhairle Contae Mhaigh Eo, agus le Saotharlann Bheo Shráid an tSirriam, faoi stiúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, faoi seach.



Grianghraf: Baill de Chomhpháirtíocht Chuan Mó ag chéad chruinniú an tionscadail TalX2



Misean um Oiriúnú an AE a Chur chun Cinn

Thacaigh na CAROanna le feachtas agus glacadh le Misean an AE um Oiriúnú ar fud na hearnála údarás áitiúil.

- D'oibrigh CARO DM le Climate Matters chun scrúdú a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann le hoiriúnú a mhaoiniú, agus cuireadh tuarascáil chás-staidéir le chéile inar díródh ar Abhainn na Camóige.
- Thacaigh CARO E&M le húdaráis áitiúla Lú agus Thiobraid Árann maidir le measúnuithe riosca aeráide CLIMAX agus d'éascaigh siad seimineár gréasáin dírithe mar chuid d'oiliúint ar mhisean oiriúnaithe.

Bainistíocht ar Athrú Cósta

Thacaigh na CAROanna le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Bainistíocht Athrú Cósta (NCCMS) i gcomhpháirtíocht leis an OPW, GSI agus gníomhaireachtaí stáit eile trí rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre Cholún 2.

- Thug CARO ASBS tacaíocht do thriail de chuid an OPW ar uirlis bailithe sonraí maidir le himeachtaí creimeadh cósta roimhe seo i gcomhar le roinnt údaráis áitiúla.
- Rinne CARO ASBS teagmháil le páirtithe leasmhara, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH), an OPW, Oifig an Rialálaí Pleanála (OPR), an tÚdarás Rialála Limistéar Muirí (MARA), NPWS, an Chomhairle Oidhreachta agus údaráis áitiúla chun tacú le forbairt 'Bainistíocht ar Athrú Cósta: Acmhainn Phraiticiúil'. Críochnaíodh téacs an doiciméid go déanach in 2025, agus bhí dearadh grafach beartaithe do mhí Eanáir 2026.



Grianghraf: Aonaid choinréite “seabee” ag Trá Bharr na Rinne – cosaint i gcoinne creimeadh cósta.



Beaches & Dunes

For Climate Adaptation

An Fóram Tránna agus Dumhcha:

Ghlac CARO ASBN le príomhról chun tacú leis an bhFóram Tránna agus Dumhcha a bhunú. Is comhlacht comhoibríoch náisiúnta é an Fóram a dhíríonn ar fheasacht a ardú agus ar bhainistíocht inbhuanaithe trá agus dumhcha a chur chun cinn in Éirinn, trí pháirtithe leasmhara a nascadh ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta chun cur chuige comhordaithe a chinntiú. Is ball bunaithe é CARO ASBN agus feidhmíonn sé mar Chathaoirleach faoi láthair. Féach an Cás-Staidéar.

Ár nDumhcha a Chosaint:

Chuaigh an feachtas meán sóisialta 'Ár nDumhcha a Chosaint', atá faoi stiúir CARO ASBN, i dtreo nua in 2025 chun infheictheacht a mhéadú agus a phróifíl náisiúnta a neartú. Scaipeadh sraith straitéisí feachtais ar na 18 nÚdarás Áitiúla cósta uile agus ghlac 10 acu leis, chomh maith le Líonraí Rannpháirtíochta Poiblí (PPNanna) agus comhpháirtithe an Fhórait.

Is éard a bhí sa tsraith straitéisí:

- Postálacha réamhdhéanta do na meáin shóisialta chun íomhánna a roinnt go héasca chun tacú le teachtaireachtaí an fheachtais.
- Sceideal feachtas chun ábhar a thabhairt isteach a threorú.

SAND DUNES **THEY PROTECT US! LET'S PROTECT THEM!**

PLEASE **STAY OFF** THE DUNES

HELP US — VISIT WWW.DUNES.IE

Logos at the bottom: CARO, Department of the Environment, Climate and Communications, Clean Coasts, An Taisce, Biosphere, Leave No Trace, National Environmental Heritage, Green Schools, Uisce Éireann, and LIFE on Machair.

Tionól Dumhcha 2025:

Chomhóstáil CARO ASBN an 3ú Tionól Bliantúil Dumhcha Gainimh i mBóthar na Trá, inar tugadh le chéile 44 rannpháirtí ó ghrúpaí pobail, taighdeoirí agus comhlachtaí poiblí chun plé a dhéanamh ar chosaint agus ar thodhchaí chórais dumhcha na hÉireann. Áiríodh san imeacht cur i láthair ag saineolaithe ar éin a neadaíonn ar an talamh, cumarsáid agus rannpháirtíocht pobail, monatóireacht eolaíochta ar dhumhcha agus dea-chleachtas i gcaomhnú agus i mbainistíocht cuairteoirí.



Grianghraf: Baill den phobal ag freastal ar an 3ú Tionól Bliantúil Dumhcha

Roinn na rannpháirtithe réitigh phraiticiúla ar nós feabhsú comharthaíochta, tionscadail eolaíochta pobail, fálú gaiste gainimh agus feachtais chruthaitheacha feasachta. Léiríodh i gcualt allamuigh ar thionscadal dumhcha Thrá Grattan conas atá réitigh dhúlra bhunaithe, fálú castáin, ag cuidiú le creimeadh a laghdú, le tacú le bithéagsúlacht agus le tuiscint an phobail ar athrú cósta a fheabhsú. Leagadh béim sa Tionól ar an spéis láidir poiblí i gcaomhnú dumhcha agus ar luach an chomhoibrithe idir grúpaí áitiúla, taighdeoirí agus Údaráis Áitiúla.



Grianghraf: Turas Allamuigh ar Thrá Grattan, i rith an 3ú Tionól Bliantúil Dumhcha

An Cúrsa Oiliúna 2.0 Tránna agus Dumhcha d'Oiriúnú Aeráide Scálú do Thionchar Uile-Éireann:

Fuair ACT (Accelerating Change Together) €235,000 ó Chiste Pobail Generation Green SSE Airtricity chun an tionscadal a mhéadú trí 'Cúrsa Oiliúna 2.0 Tránna agus Dumhcha d'Oiriúnú Aeráide Scálú do Thionchar Uile-Éireann'. Cuireann an Tionscadal le torthaí an tionscadail bunaidh, inar cuimsíodh oiliúint, ceardlanna agus suíomh gréasáin, is é sin Dunes.ie, a sholáthraíonn uirlisí monatóireachta, treoracha caomhnaithe, ábhair phobail agus acmhainní dea-chleachtais maidir le bainistíocht trá. Is Comhpháirtí Tionscadail agus Ball den Choiste Stiúrtha é CARO ASBN, agus bíonn sé páirteach i gcinntí an tionscadail.

ACT
Accelerating Change Together



Grianghraf: An tionscadal Tránna agus Dumhcha á chur i láthair ag CARO ASBN ag imeacht Pobal i mBaile Átha Cliath

Tionscnaimh Réiteach Dúlra bhunaithe agus Bhithéagsúlachta

Rinne CARO ASBN cleachtadh scóipeála tosaigh leis an NPWS ar thionscnaimh píolótach beart caomhnaithe chun tacú le cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Gnáthóga ón AE in Éirinn, trí monatóireacht, tuairisciú agus tuiscint an phobail ar ghnáthóga dumhcha a fheabhsú.



Grianghraf: Cuid réiteach dúlra bhunaithe an bhalla ghlais den Tionscadal uisce báistí uirbeach Cascade, Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo

Dhírigh an cleachtadh scóipe ar ghnáthóga dumhcha gainimh larscríbhinn I i Maigh Eo agus i nGaillimh chun measúnú a dhéanamh an bhféadfaí tionscadal comharthaíochta a fhorbairt lena chur ar chumas pobail chósta agus cuairteoirí gníomhú mar mhaoir ar na héiceachórais

thábhachtacha seo trí oideachas, eolaíocht shaoránach agus teicneolaíochtaí nua a chomhtháthú chun teacht aniar cósta a neartú.

Críochnaíodh measúnuithe láithreáin ar shuíomhanna píolótacha ar fud Mhaigh Eo. D'fhiosraigh na measúnuithe ar oiriúnacht bunaithe ar chritéir ar nós comharthaíocht atá ann cheana, inrochtaineacht do chuairteoirí agus cur isteach, brúnna comhshaoil, tréithe geografacha uathúla an tsuímh, agus deiseanna idirchaidrimh QR agus suiteálacha eolaíochta saoránach. Leanfaidh CARO ASBN ar aghaidh ag plé leis an NPWS chun an tionscadal seo a fhorbairt agus maoiniú a fháil.



WIRE – Clár Tionchar Aimsire

- Forbraíodh an Clár Tionchar Aimsire, nó Aip WIRE, ag CARO chun freastal ar an ngá le sonraí a bhailiú agus a eagrú maidir le tionchair imeachtaí aimsire ar leibhéal áitiúil, chun eolas a thabhairt do phleanáil oiriúnaithe aeráide amach anseo. Díritear é ar na baill foirne sin sna hÚdaráis Áitiúla a bheidh ar an talamh ag freagairt d'imeachtaí aimsire mar chuid de na foirne freagartha éigeandála. Soláthraíonn an córas uirlis bunaithe ar GIS chun tionchair imeachtaí aimsire agus treochtaí aeráide a thaifeadadh agus a athbhreithniú sna hÚdaráis Áitiúla. Chun feidhmiúlacht na haipse a thástáil, cuireadh tús le tionscadal píolótach ag ASBN do gheimhreadh 2025/26, agus ghlac Comhairle Contae Mhaigh Eo páirt mar údarás píolótach. Cuireadh oiliúint agus tacaíocht ar fáil do bhaill foirne ábhartha na Comhairle, lena n-áirítear baill foirne a fhreastalaíonn ar eachtraí agus sárúsáideoirí a thacaíonn leis na baill foirne sin agus a dhéanann monatóireacht ar ionchur na sonraí. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ar an aip WIRE, agus go bhfuil an tionscadal píolótach seo ar bun, tá an dul chun cinn ar an mír seo níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis.

Tuar Screamhuisce agus Tionchair an Athraithe Aeráide

Thacaigh CARO ASBS leis an Tionscadal Tuartha Screamhuisce agus Tionchair an Athraithe Aeráide, faoi stiúir an GSI, agus d'fhreastail sé ar chruinnithe teicniúla agus rinne sé athbhreithniú ar dhoiciméid an tionscadail.

Oiriúnú Aeráide Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Chuir CARO ASBS an Straitéis Oiriúnaithe Aeráide do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla 2023 ar siúl chun tacú le hÚdaráis Áitiúla gníomhú ar son oiriúnú aeráide a chur i bhfeidhm. Thacaigh an Roinn Iompair leis.



Grianghraf: Tionscadal uisce báistí uirbeach Cascade, Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo



Grianghraf: Íomhá ón aer de thuile talún feirme

Áiríodh le cur i bhfeidhm na Straitéise seo in 2025:

- Glacadh leis an Modheolaíocht um Aithint Bhealach an Phríomhbhonneagair (CIR) ag an Roinn Iompair agus aithint phraiticiúil CIRanna do na 31 Údarás Áitiúil uile.
- Tionscadal píolótach a chríochnú chun fardal Gnáthshaghsanna Teipeanna (CFTanna) a bhaineann leis an aeráid a bhailiú. Aithníodh liosta 21 CFT sa Straitéis.
- Forbraíodh uirlis nua treorach agus mheasúnaithe bainistíochta sócmhainní geoiteicniúla.
- Cuireadh tús le comhtháthú agus feabhsú Chóras Bainistíochta Sócmhainní MapRoad chun Bainistíocht a dhéanamh ar CFTanna a bhaineann leis an aeráid.

Tacóidh na gníomhartha seo le líonra bóithre atá níos athléimní ó thaobh na haeráide de, agus tá tuilleadh cur chun feidhme beartaithe do 2026.

Taighde ar Theasoileán Uirbeach

Chuir CARO DM taighde chun cinn ar éifeacht an Teasoileáin Uirbigh (UHI) i gceantair uirbeacha in Éirinn. Chuir siad tús le hobair ar thionchair UHI agus cheap siad taighdeoir chun tionchair i lárionaid uirbeacha a mheas. Leanfaidh an obair seo ar aghaidh isteach in 2026 agus cuirfidh sí bonn eolais faoi idirghabháil oiriúnaithe amach anseo. Féach an Cás-Staidéar.

An Grúpa Oibre Réiteach Dúlra bhunaithe

Bhunaigh an Grúpa Stiúrtha Idir-Roinne a cuireadh ar bun chun an Straitéis Bainistíochta ar Athrú Cósta a chur i bhfeidhm Grúpa Oibre Cholún 3 ar Réitigh Dhúlra bhunaithe chun na trí thasc faoi Mholadh 11 den Straitéis a chur i bhfeidhm, is é sin, forbairt freagairtí bainistíochta agus cur chun cinn Réiteach Dúlra bhunaithe, le trí thasc shonracha:

- corpas eolais oiriúnach a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm réiteach dúlra bhunaithe mar bhealach chun athrú cósta a bhainistiú trí mheasúnuithe ar obair náisiúnta agus idirnáisiúnta go dtí seo, chomh maith le taighde agus staidéar píolótach de réir mar is gá, chun suíomhanna timpeall chósta na hÉireann a aithint ina bhféadfadh réitigh dhúlra bhunaithe réitigh agus tairbhí a sholáthar i gceantair atá i mbaol suntasach féideartha ó athrú cósta.

- cur chuige ilearnála a chur chun cinn maidir le cur i bhfeidhm réiteach dúlrbhunaithe sa timpeallacht chósta chun tairbhí iomadúla a bhaint amach i gcomhar le pobail áitiúla.

Baill den ghrúpa oibre seo iad CARO ASBN agus CARO ASBS. Tá fócas an ghrúpa ar chreimeadh cósta agus ar aithint réiteach dúlrbhunaithe oiriúnach. Aithneoidh an grúpa suíomhanna oiriúnacha chun staidéar píolótach ar réitigh dhúlrbhunaithe a dhéanamh. Mar sin féin, tá tionscnaimh eile ar réitigh dhúlrbhunaithe agus ar bhithéagsúlacht ag dul ar aghaidh ar ráta níos moille.

Bacainní agus Dúshlán

Cé gur baineadh dul chun cinn suntasach amach, bhí roinnt dúshlán ann a chuaigh i bhfeidhm ar oiriúnú a sholáthar:

- Chuir scála agus castacht na bpróiseas pleanála oiriúnaithe náisiúnta éileamh suntasach ar chumas na CARO agus na nÚdarás Áitiúil.
- Chuir moilleanna i mbunú roinnt grúpaí oibre NCCMS moill ar dhul chun cinn ar ghníomhartha áirithe maidir le hathrú cósta.
- Baineadh dul chun cinn teoranta amach ar roinnt tionscnaimh thrasrannacha ina raibh an soláthar ag brath ar chomhpháirtithe seachtracha nó ar chinntí maoinithe.
- Éilíonn tionscnaimh oiriúnaithe ar nós cláir phíolótacha sonraí agus tionscadail taighde tréimhsí ama níos faide chun torthaí intomhaiste a bhaint, rud a shíneann an soláthar go 2026 agus ina dhiaidh sin.
- Aithníodh roinnt dúshlán maidir le creimeadh cósta, úinéireacht phríobháideach talún, srianta pleanála, roghanna cúlaithe bhainistithe, agus cosaintí comhshaoil faoi na Treoracha maidir le Gnáthóga agus Éin ina measc. Is é an príomhdhúshlán roimh CARO an tacaíocht ábhartha a chur ar fáil d'Údaráis Áitiúla chun cabhrú leo na saincheistanna seo a láimhseáil.
- Chuir comhordú oibre le gníomhaireachtaí seachtracha roinnt moilleanna faoi deara, amhail obair le LAWPRO/an Roinn Iompair/an DHLGH chun Aguisín um Bainistíocht Uisce Stoirme a chur chun cinn don Treoir maidir le Bóithre Neamhnáisiúnta agus Réigiúnacha 2023, atá ar gcúl sa sceideal.

Caitheamh ar Phacáiste Oibre 3

Oiriúnú = €64,468 (costais agus speansais foirne as an áireamh)



Cás- Staidéar



WP3 Oiriúnú

Na Costais Neamhghníomhaíochta a Mheas – CARO DM

Cúlra

Is ceann de chúig mhisean é Misean an AE um Oiriúnú a bhunaigh an Coimisiún Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar “dhúshlán mhóra” atá roimh an Eoraip. Fuarthas tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i bhfoirm Cúnamh Teicniúil Cineál 2, a chuir ar chumas anailís a dhéanamh ar dhúshlán sonrach. Ba é aidhm an tionscadail measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le réadmhaoin atá ann cheana a chosaint, mar go raibh riosca suntasach ag baint le tuile abhann agus go ndearna an tÚdarás Áitiúil faid mhaoláin a leabú i bplean forbartha na cathrach dá bharr.

An Gníomh a Rinneadh

- Scrúdaigh CARO DM, in éineacht le hÚdarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath, costas neamhghníomhaíochta i gcás réadmhaoin atá suite feadh limistéar fócais Abhainn na Camóige, atá faoi thionchar riosca tuile abhann.
- Rinneadh iniúchadh ar impleachtaí árachais d’úinéirí tí atá suite gar don abhainn agus ar na bearta is féidir leo a ghlacadh chun cosaint a dhéanamh i gcoinne damáiste tuile.
- Pléadh agus aithníodh freagracht úinéireachta i leith damáiste tuile agus cur i bhfeidhm aon tionscadal athchóirithe abhann agus bearta feabhsaithe Réiteach Dúlrbhunaithe (NbS).
- Cuireadh cás-staidéir ar fáil chun aird a tharraingt ar raon tionscadal athchóirithe abhann agus Réiteach Dúlrbhunaithe (NbS), idir bheagscála agus mhórscaála, a cuireadh i bhfeidhm ar fud na hEorpa trí mheicníochtaí maoinithe éagsúla, an fhéidearthacht i dtaobh comhoibriú pobail san áireamh.

Torthaí

Príomhthoradh den obair is ea an gá le maoiniú tionscadal oiriúnaithe a luathú. Méadaítear costas neamhghníomhaíochta le himeacht ama. Tá gá le hidirghabháil luath chun na costais gheilleagracha agus shóisialta a bhaineann le daoine ag cailleadh tithe, gnólachtaí agus slite beatha a íoslaghdú.



Cás-Staidéar



WP 3 Oiriúnú

Minority Report – Ceardlanna chun Teacht Aniar Aeráide a Fheabhsú – CARO DM

Cúlra

Is tionscadal arna mhaoiniú ag an AE é Minority Report faoi Chreatchlár um Nuálaíocht Fhís Eorpach. Is é aidhm an tionscadail imeachtaí suaite comhshaoil a mhaolú trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha tuartha atá dírithe ar dhaoine chun teacht aniar i leith tubaistí agus athrú aeráide a fheabhsú. Is é suíomh cás-staidéir an tionscadail seo Crios Dícharbónaithe na Rinne- an Phoill Bhig i gCathair Bhaile Átha Cliath. Tá an tionscadal seo rithábhachtach agus tráthúil, agus tá príomhbhonneagar criticiúil na hÉireann suite sa Chrios Dícharbónaithe seo ar Leithinis an Phoill Bhig. Tá **CARO DM** ag tabhairt faoin tionscadal seo thar ceann Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun a chinntiú gur féidir na ceachtanna maidir le hoiriúnú i gCriosanna Dícharbónaithe (DZanna) a roinnt le sprioclucht níos leithne.

An Gníomh a Rinneadh

- reáchtáladh ceardlanna le pobail agus le húsáideoirí deiridh in 2025 chun an uirlis dhigiteach a fhorbairt.
- Reáchtáladh ceardlann na n-úsáideoirí deiridh ar maidin Dé Céadaoin, an 14 Bealtaine, ag Ionad Pobail na Rinne-an Bhaile Ghaelaigh (RICC).
- Cuireadh cuspóir an tionscadail i láthair na n-úsáideoirí deiridh, FSS, an saol acadúil, an Roinn Iompair agus foireann na nÚdarás Áitiúil ina measc.
- Éascaíodh an cheardlann ag comhpháirtithe an tionscadail Prospex Institute, IES agus UCL.
- Reáchtáladh imeacht pobail san RICC tráthnóna, a raibh sé mar aidhm aige daoine a chónaíonn sa cheantar a spreagadh chun persona na comharsanachta a fhorbairt.
- Bhí an ghné seo den imeacht faoi stiúir chomhpháirtithe an tionscadail Trinity House.

Torthaí

Chuir an cheardlann d'úsáideoirí deiridh léargas luachmhara ar fáil ar na rioscaí atá roimh an gceantar. Deimhníodh ann tábhacht na rannpháirtíochta luatha le saineolaithe a bhfuil eolas acu ar rioscaí agus ar fhreagairtí. Úsáidfear torthaí an tionscadail chun sraith uirlisí digiteacha atá dírithe ar dhaoine a fhorbairt, a thacóidh le forbairt straitéisí maolaithe i leith athrú aeráide agus rioscaí nádúrtha, chomh maith le straitéisí chun teacht aniar a fheabhsú do stoc foirgneamh leochaileach inár gcathracha, ag baint úsáide as modheolaíochtaí agus teicneolaíochtaí digiteacha nuálacha a eascraíonn as réimsí éagsúla lena n-áirítear teicneolaíocht na tógála, clíomeolaíocht uirbeach, eolaíocht shóisialta agus bainistíocht tubaiste.



06

Maolú



Cás- Staidéar



WP4 Maolú

Deiseanna Líonraithe Bainisteora Flít – CARO E&M

Cúlra

Is í an earnáil rialtais áitiúil an t-úinéir flít is mó in Éirinn, ina bhfuil thart ar 7,658 feithicil (tuairisciú M&R an SEAI, 2024). Tá dícharbónú na bhflíteanna seo ríthábhachtach chun spriocanna áitiúla um ghníomhú ar son na haeraide a bhaint amach. Cé gur éirigh le cláir ar nós PLEEP agus Pathfinder tacú le dícharbónú i soilsiú poiblí agus i bhfoirgnimh, is dúshlán suntasach fós iad astaíochtaí flít. Tá flíteanna na nÚdarás Áitiúil fós go mór ag brath ar bhreoslaí iontaise agus léiríonn sé ceann de na dúshláin is mó maidir le spriocanna laghdaithe CO₂ do 2030 a bhaint amach. Tá an t-aistriú go malairtí ísealcharbóin casta agus teastaíonn go leor acmhainní agus gníomhaíocht chomhordaithe, roinnt eolais agus planáil straitéiseach uaidh.

An Gníomh a Rinneadh

- D'éascaigh CARO E&M i gcomhar leis an LGMA an tImeacht Bliantúil Líonraithe Bainisteoirí Flít i nDeireadh Fómhair.
- Chuir seo nuashonruithe ar fáil do bhainisteoirí flít maidir le beartas, spriocanna astaíochtaí agus roghanna praiticiúla dícharbónaithe.
- Áiríodh leis na ranníocaíochtaí nuashonruithe beartais ó **CARO E&M**; cás-staidéir ar rialachas agus laghdú breosla ó Chomhairle Contae Lú; uirlisí monatóireachta feidhmíochta flít ó Chomhairle Contae Átha Cliath Theas; cur chuige maidir le soláthar feithiclí leictreacha agus oiliúint foirne ó Chomhairle Contae Chill Dara; agus dearchtaí tionscail ó DHL agus Iarnród Éireann.
- Lig cruinnithe breise a d'eagraigh CARO E&M plé níos mionsonraithe a dhéanamh ar dhúshláin agus deiseanna um chur i bhfeidhm Tacaíodh i ngach seisiún le heolas a roinnt agus le foghlaim phraiticiúil chun dícharbónú flít a bhrostmh.

Torthaí

D'fhreastail 60 rannpháirtí, agus ionadaíocht á déanamh acu do gach Údarás Áitiúil. Thug an t-aiseolas le fios go bhfuiltear an-sásta leis an ábhar, an struchtúr agus deiseanna líonraithe, agus bunaíodh ceangail nua ar fud na hearnála. Fuair rannpháirtithe léargas praiticiúil ar fhorbairtí beartais, uirlisí bainistíochta flít agus straitéisí fórsaí dícharbónaithe agus an méid a foghlaimíodh a d'fhéadfaí a thabhairt isteach ina nÚdarais Áitiúla.



Cás- Staidéar



WP4 Maolú

Tionscadal Píolótach Forbartha Uirlise Carbóin (CTD) – CARO ASBS

Cúlra

Cuirtear an Tionscadal Forbartha Uirlise Carbóin (CTD) ar bun mar chuid de Threoir a Fhorbairt d'Údaráis Áitiúla maidir le hOiriúnú Aeráide Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Téitear i ngleic sa tionscadal leis an ngá d'Údaráis Áitiúla astaíochtaí carbóin chorpraithe a thomhas agus a thuairisciú ó oibreacha bóthair réigiúnaigh agus áitiúil ar bhealach comhsheasmhach caighdeáinbhunaithe. Rinne **CARO ASBS** comhordú an chláir phíolótaigh a stiúradh, ag cur le moltaí ón Tuarascáil Scóipeála Chéim 3 ar Bhainistíocht Carbóin agus Soláthar Poiblí Glas. Roghnaíodh Uirlis Charbóin Bhonneagar Iompair Éireann (TII) mar an pointe tosaigh is oiriúnaí don earnáil Údarás Áitiúil agus tástáladh í ar chláir bheo Feabhsúcháin Athchóirithe agus Chothabhála Athchóirithe i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta.

An Gníomh a Rinneadh

CARO ASBS:

- Rinneadh comhordú agus bainistiú ar gach céim den tionscadal agus tugadh tacaíocht theicniúil dó.
- Bailíodh rannpháirtithe Údaráis Áitiúil don tionscadal píolótach agus ullmhaíodh na Téarmaí Tagartha.
- Rinneadh idirchaidreamh le TII maidir le teacht ar an uirlis.
- Forbraíodh tacair sonraí thacaíochta a bhain go sonrach le hÚdaráis Áitiúla chun bearnaí sa bhunachar sonraí den uirlis reatha a líonadh.
- Cuireadh treoir ar fáil d'Údaráis Áitiúla rannpháirteacha maidir le bailiú sonraí, teorainneacha saolré agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach toimhdí.
- Monatóireacht ar dhul chun cinn agus aiseolas a chomhdhlúthú.

Torthaí

Deimhníodh sa tionscadal píolótach gur féidir Uirlis Charbóin TII a chur i bhfeidhm go héifeachtach in earnáil Bhóithre na nÚdarás Áitiúil nuair a thacaítear léi trí chomhordú struchtúrtha agus ullmhú sonraí. Bailíodh cur chuige atá ailínithe go hidirnáisiúnta maidir le tomhas carbóin, aithníodh deiseanna do chaighdeánú sonraí, cumasaíodh tagarmharcáil tháscach déine carbóin do chóireálacha coitianta, agus léiríodh gur féidir breoslaí malartacha agus roghanna tógála ísealcharbóin a úsáid agus a thuairisciú. Táirgeadh sa tionscadal píolótach moltaí soiléire freisin chun tacú le cur i bhfeidhm ar fud na hearnála..

Maolú

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh leis an SEAI san athbhreithniú ar dheiseanna atá ar fáil d'Údaráis Áitiúla chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus laghdaithe astaíochtaí CO₂ a bhaint amach
- Leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh le hÚdaráis Áitiúla i bhforbairt agus cur i bhfeidhm A onad Fuinnimh
- Leanúint le Gníomhaireachtaí Fuinnimh a chomhordú agus le comhoibriú leo chun tabhairt faoi thionscadail chaipitil

Léargas Ginearálta

Daingnítear uailmhian aeráide na hÉireann atá ina ceangal dlí chun laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoin mbliain 2030 san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 (“an tAcht Leasaithe Aeráide”) chun an tír a chur ar an mbóthar ceart chun aeráidneodracht a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh 2050. Glacann údaráis áitiúla le ról tábhachtach i dtaobh bearta maolaithe a sholáthar ar leibhéal áitiúil agus pobail agus tá siad tiomanta do spriocanna 2030 na hEarnála Poiblí a bhaint amach:

- Astaíochtaí GCT a laghdú 51%.
- Feabhas 50% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh.
- Úsáid teicneolaíochtaí in-athnuaite a mhéadú chun breoslaí iontaise a athsholáthar faoi 2030.

Leanann CARO de thacaíocht a thabhairt d'Údaráis Áitiúla chun réitigh nuálacha a fhorbairt chun a spriocanna maidir le laghdú astaíochtaí agus éifeachtúlacht fuinnimh do 2030 a bhaint amach. Tá na hiarrachtaí seo ag teacht le prionsabail chlár Pathfinder, rud a ligeann d'Údaráis Áitiúla:

- Tionscadail a fhorbairt a fheabhsaíonn éifeachtúlacht fuinnimh agus a laghdaíonn astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud na hearnála poiblí.
- Cur chuige cuimsitheach i leith iarfheistiú foirgneamh a chur in ord tosaíochta, rátálacha BER B a bhaint amach agus réitigh théimh in-athnuaite a thabhairt isteach.

D'oibrigh na CAROanna go dlúth le hÚdaráis Áitiúla agus an SEAI chun Aonaid Fuinnimh a bhunú agus a fhorbairt agus comhoibriú le Gníomhaireachtaí Fuinnimh agus Biúróin Fuinnimh bunaithe. Ba mhórhasc oibre i mbliana cur i bhfeidhm chomhaontú nua maoinithe an SEAI maidir le Clár Iarfheistithe Earnála Poiblí Pathfinder do na hÚdaráis Cheannais 2025-2028, chomh maith le rialachas de réir na dTreoirínte Bonneagair.



Éachtaí

An Straitéis Luchtaithe Feithiclí Leictreacha a Chur chun Cinn:

Chabhraigh CARO le forbairt bonneagair feithiclí leictreacha (EV) a chur chun cinn, trí pháirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre Fheithiclí Astaíochtaí Nialasacha Éireann (ZEVI), an Grúpa Fuinnimh Earnála Poiblí, an Grúpa Bonneagair Phoiblí-Phríobháidigh, agus an Grúpa Feithiclí Poiblí-Phríobháideacha san áireamh. Thacaigh CARO trí na grúpaí seo le hÚdaráis Áitiúla chun pointí luchtaithe feithiclí leictreacha a chur chun feidhme.

Thosaigh CARO DM comhrá leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB) atá ag obair le ZEVI agus Comhairle Contae Fhine Gall chun maoiniú do bhonneagar feithiclí leictreacha a aithint. Thacaigh CARO DM freisin le ceithre Údarás Áitiúil Bhaile Átha Cliath chun tairiscintí a fhorbairt, a eisiúint agus a mheasúnú chun Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha a sholáthar ar fud na cathrach.

Dícharbónú Fhlít an Údaráis Áitiúil a chur chun cinn



Grianghraf: Tosaíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo an tAistriú tar éis an Chéad Seachadta Breosla HVO

Cuireadh tuarascáil deiridh agus moltaí an ghrúpa oibre um Dhícharbónú an Fhlít Údaráis Áitiúil faoi bhráid choiste an ECCE an 25 Márta. D'eagraigh CARO E&M sraith imeachtaí le Bainisteoirí Flít, an méid a leanas ina measc:

- Cruinnithe nuashonraithe ar dhul chun cinn le hÚdaráis Áitiúla:
- Imeacht náisiúnta Bainisteoirí Flít leis an LGMA (an 16 Deireadh Fómhair).



Grianghraf: Feithiclí Chomhairle Contae Chill Chainnigh faoi chumhacht HVO

- Eisíodh suirbhé nuashonraithe a forbraíodh i mí na Nollag.
- Rannpháirteachas leanúnach le páirtithe leasmhara maidir le hairgeadas agus maoiniú.

Féach an Cás-Staidéar

Biúróanna Fuinnimh / Aonaid um Ghníomhú ar son na hAeráide a Chur chun Cinn

Cuireadh roinnt Thionscadail Pathfinder chun cinn i gcomhar leis an SEAI agus thacaigh CARO leo, Aonad Fuinnimh na Teorann, Biúró Fuinnimh an Iarthuaiscirt, Aonad Fuinnimh an Lár-Oirthir, Biúró Fuinnimh ASBN, an Ghníomhaireacht Fuinnimh Lár Tíre, agus Aonad Fuinnimh an Oirdheiscirt san áireamh. I measc na mbuaicphointí, bhí an méid seo a leanas:

- Lean CARO ASBS de chúnamh agus de chothú a thabhairt d'fhorbairt chlár Pathfinder le Gníomhaireacht Fuinnimh an Lár-Oirthir (inarb í Comhairle Contae an Chláir an t-údarás ceannais, Comhairle Contae Chiarraí agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh), a bunaíodh mar Chomhpháirtíocht Pathfinder go luath in 2025. Tá CARO ASBS ina bhall den Ghrúpa Stiúrtha.
- Seoladh litir intinne chuig an SEAI i mí an Mheithimh ó Phríomhfeidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí, inar leagadh amach go mbunófaí Aonad Fuinnimh Chorcaí le Comhairle Contae Chorcaí mar phríomhúdarás i gComhpháirtíocht Pathfinder le Comhairle Cathrach Chorcaí.
- Thacaigh CARO ASBN le Comhairle Contae Mhaigh Eo (mar Údarás Ceannais), i gcomhar leis an SEAI, chun comhaontú nua maoinithe dar luach €47.1 milliún a thabhairt chun críche (an leibhéal táscach iomlán maoinithe pleanáilte do 2026 go 2028) agus na Comhaontuithe Seirbhíse (SLAanna) gaolmhara leis na cúig Údarás Áitiúla sa réigiún. Síníodh an comhaontú maoinithe leis an SEAI agus na SLAanna leis na hÚdaráis Áitiúla i mí na Nollag chun foireann réigiúnach fuinnimh a earcú, a chuirfidh chun cinn maolú ar leibhéal réigiúnach.
- Bhí CARO ASBN ina chathaoirleach ar chruinniú grúpa oibre coicísíúil chun plé a dhéanamh ar dhul chun cinn tionscadal, aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna, agus foghlaim a roinnt laistigh den réigiún.





- Tá 11 thionscadal i gclár Pathfinder 1, 12 thionscadal in Pathfinder 2, agus 11 thionscadal in Pathfinder 3 i réigiún ASBN. Tá ardchéim bainte amach ag foirne deartha do roinnt de na tionscadail seo.
- Bhunaigh CARO ASBN grúpa oibre chun próiseas Comhairliúcháin Réamh-Mhargaidh a dhéanamh trí eTenders chun aiseolas ón margadh a bhailiú maidir le hinfhaighteacht seirbhísí comhairleacha fuinnimh do Réigiún ASBN. Féach an Cás-Staidéar.
- D'oibrigh CARO ASBN agus an SEAI ar dhoiciméid chaighdeánaithe treorach rialachais, i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha an chomhaontaithe maoinithe, a dhéanfar a thabhairt chun críche i Ráithe 1 2026 agus a scaipfear chuig réigiúin eile de réir mar is gá.
- Thacaigh CARO E&M leis na 17 nÚdarás Áitiúla uile chun obair laistigh de cheithre fhoréigiún chun tacaíocht Pathfinder a chur chun cinn trí rannpháirtíocht dhíreach leis an SEAI.
- Áiríodh leis seo:
 - Fóram a bhunú do Bhainisteoirí Fuinnimh Réigiúnacha laistigh den réigiún.
 - Bunaíodh grúpa oibre leis an SEAI, Bainisteoirí Fuinnimh Réigiúnacha agus Údaráis Áitiúla, ina ndírítear ar chaighdeánú tomhais agus fíoraithe (M&V) agus Doiciméid maidir le Dearadh Éifeachtúlachta Fuinnimh (EED), rud a chuirfidh cur chuige comhsheasmhach ar fáil d'údaráis áitiúla maidir le M&V agus a neartóidh caighdeáin ISO 50001.
 - Tacú leis an Lár-Oirthear (Cill Dara, an Mhí, Cill Mhantáin agus Lú), chun tionscadail a chur chun cinn le foirne dearaidh agus tabhairt faoi staidéir indéantachta do dheiseanna téimh ceantair.
 - Tacú le Lár na Tíre (Laois, Uíbh Fhailí, an Iarmhí, an Longfort, Ros Comáin), chun leanúint d'obair ar a bpíblíne thionscadal, agus dul chun cinn á dhéanamh i dtreo an chomhaontaithe maoinithe nua leis an SEAI agus socruithe Rialachais a chuíchóiriú.
 - Tacú leis an Teorainn (an Cabhán, Muineachán, Liatroim) chun obair le cúnamh bainisteora tionscadal ón SEAI chun píblíne thionscadal a chruthú do 11 Úsáideoir Mhóra Fuinnimh agus tionscadail a thabhairt chun cinn trí Gheata Ceadaithe 1.
 - Tacú leis an Oirdheisceart (Ceatharlach, Cill Chainnigh, Tiobraid Árann, Loch Garman, Cathair agus Contae Phort Láirge) chun comhaontú maoinithe a shíniú leis an SEAI, lena mbunófar socruithe rialachais tacaíochta i measc na gcúig réigiún UÁ agus tionscadail a thabhairt chun cinn trí Gheataí Ceadaithe.



Grianghraf: Comhairle Contae Mhaigh Eo agus CARO ASBN ag ceiliúradh deimhniúcháin ISO 50001



- Thacaigh CARO DM leis na ceithre Údarás Áitiúla agus le Codema maidir le tionscadail Pathfinder an SEAI ina réigiún. Síníodh an SLA in 2025. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Áitiúil ceannais in Pathfinder.
- D'fhreastail CARO ASBN ar Sheó Fuinnimh an SEAI, ar fhreastail príomhpháirtithe leasmhara na hearnála air freisin.



Iarchoimisiúnú/Barrfheabhsú Foirgnimh

Chuir CARO ASBN agus an SEAI tús le hobair ar réamhchlár píolótach maidir le hiarchoimisiúnú / barrfheabhsú foirgnimh, agus é mar aidhm feidhmíocht fuinnimh i ngach foirgneamh a uasmhéadú. Is é cuspóir an iarchoimisiúnaithe gach córas san fhoirgneamh a chur ag feidhmiú ar an leibhéal is fearr agus na réimsí a bhfuil gá lena n-athdhearadh a aithint. Cuirfidh seo bonn eolais faoi chlár Pathfinder amach anseo. Cuirfidh foghlaim an réamhchlár phíolótaigh ar chumas clár píolótach níos leithne a chur i bhfeidhm in 2026, faoi réir dáileadh maoinithe. Tugadh faoi na gníomhartha a leanas:

- Bunaíodh grúpa oibre i Ráithe 4 2025 ina raibh ionadaithe ó gach Údarás Áitiúil do na foirgnimh roghnaithe, an SEAI agus CARO ASBN.
- D'fhorbair CARO ASBN doiciméad teimpléid chun tabhairt faoin measúnú tosaigh ar na foirgnimh lena gcur san áireamh sa réamhchlár píolótach. Nuair a críochnaíodh é, d'úsáid an SEAI é seo chun na foirgnimh a roghnú a chuirfí san áireamh sa réamhchlár píolótach.
- Is iad na foirgnimh a roghnaíodh Waterworld i nDún na nGall, dhá Ionad Pobail i gCathair na Gaillimhe agus Áras an Chontae i Loch Garman.
- Aontaíodh le doiciméad scóipeála don réamhchlár píolótach agus na Téarmaí Tagartha don ghrúpa.
- Déanfar dul chun cinn i rith 2026 ar an réamhchlár píolótach agus táthar ag súil go gcríochnófar í i ráithe 4.

Gradam an Bhrait Ghlais d'Údaráis Áitiúla



Tá CARO ASBS tar éis Meabhrán Tuisceana a chomhaontú le ABBAE (Oibreoir Brat Glas na Portaingéile), a bhronnann Brait Ghlasa ar bhardais sa Phortaingéil, agus leis

an Taisce (a riarann gradam an Champais Ghlais d'institiúidí tríú leibhéal), chun an fhéidearthacht 'Gradam an Brait Ghlais' deonach a thabhairt isteach d'údaráis áitiúla a fhiosrú.



Reáchtáladh cruinniú tosaigh den Ghrúpa um Chur i bhFeidhm agus den Ghrúpa Teicniúil chun an Plean Oibre don triail a cheadú. Rinne an grúpa roghnú ar Údaráis Áitiúla fhéideartha rannpháirteacha agus reáchtáladh plé tosaigh, rud a chumasóidh tús a chur leis an triail i Ráithe 1 2026. Díríonn an gradam seo ar inbhuanaitheacht iomlán champas Údaráis Áitiúil agus ar ghníomhartha/iompar na foirne, aon 'Foirne



Glása/Foirme Inbhuanaitheachta' inmheánacha ina measc. Breithneoidh an gradam critéir lena n-áirítear fuinneamh, úsáid uisce, bearta inbhuanaitheachta inmheánacha, dramhaíl bhia sa cheaintín, áiseanna chun taisteal gníomhach a spreagadh, cosaint pailneoirí, cruthú gnáthóg, agus réitigh dúlrbhunaithe d'uisce stoirme, rannpháirtíocht an phobail etc., a ndéanann Údarás Áitiúla sonraí a bhailiú agus tuairisciú orthu cheana.

Tionscadal Taispeána Doimhne ar an mBithgheilleagar

I gcomhar le Climate-KIC, d'eagraigh agus réachtáil CARO E&M agus CARO ASBS trí cheardlann i mí Aibreáin agus mí na Bealtaine le deich nÚdarás Áitiúil aitheanta agus na Tionóil Réigiúnacha. I measc na n-údarás áitiúil, bhí Dún na nGall, Fine Gall, Cill Dara, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann, Ciarraí, Port Láirge, an Cabhán, Muineachán agus Ros Comáin. Cuirfidh seo borradh faoi fhostaíocht, deiseanna gnó agus gnóthachain phobail ar fáil ar an talamh. Cuireadh ceardlann agus imeacht turais allamuigh ar bun an 16 Deireadh Fómhair ag áis an Díleáiteora Anaeróbaigh ag Teagasc, an Ghráinseach, an Mhí. Féach an Cás-Staidéar.



Grianghraf: Baill CAROanna ag Imeacht an Bhithgheilleagair sa Ghráinseach, Contae na Mí



Triail phíolótach á baint as Uirlis Charbóin Bhonneagar Iompair Éireann (TII) san Earnáil Údarás Áitiúil

Tá tionscadal píolótach á bhainistiú ag CARO ASBS chun cabhrú le Ranna Bóithre ÚA carbón a laghdú. Féach an Cás-Staidéar.



Clár SEC

Cuireann Clár Phobail Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (CMO), a riarann an SEAI, ar chumas grúpaí áitiúla smacht a fháil ar a dtodhchaí fuinnimh trí éifeachtúlacht a fheabhsú, úsáid a bhaint as foinsí in-athnuaite agus astaíochtaí carbóin a laghdú. Soláthraíonn sé meantóireacht, maoiniú do Mháistirphleananna Fuinnimh (EMPanna) agus teacht ar acmhainní. Rinne



Context Studio, sainchomhairleoireacht dearaidh seirbhíse atá bunaithe i mBaile Átha Cliath, an tionscadal “From Plan to Do”, agus úsáid á baint as dearadh seirbhíse chun cabhrú le SECanna aistriú óna ngníomhú ar son na haeráide a phleanáil go dtí iad a chur i bhfeidhm.

Bhí taighde, ceardlanna, comhdhearadh le pobail, agus fréamhshamhlú uirlisí mar chuid den tionscadal seo, lena n-áirítear leabhrán éifeachtúlachta fuinnimh do thionóntaí. Thacaigh CARO DM leis an obair a rinne Context Studio agus scaip sé í chuig na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath tríd an ardán “From Plan to Do” (fromplantodo.ie).



Maoiníodh an obair trí Chiste Gníomhaithe Aeráide Chruthaithigh Creative Ireland (Snáithe Spark). Tá an SEAI ag leanúint den idirchaidreamh le Context Studio. Mar sin féin, tá roinnt saincheistanna ann maidir le SECanna, amhail soiléiriú ar ról na ÚÁanna. Tá grúpa oibre bunaithe ag an LGMA chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistanna seo, agus glacann CARO páirt sa ghrúpa seo.



Glasú Féilte

Chas CARO ASBN le Comhairle Contae Loch Garman chun eolas a bhailiú faoina gcuid foghlama ón bhFleadh in 2024. Tionóladh roinnt cruinnithe freisin laistigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht páirt a ghlacadh i dtionscadail phíolótacha. Tá dul chun cinn mall déanta ar an mír seo agus déanfar tuilleadh gníomhaíochta in 2026.



An tAire Darragh O'Brien, foireann CARO agus an DLA ag seoladh Sheachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath

Bacainní agus Dúshláin

Ceann de na dúshláin shuntasacha a tháinig chun cinn i mbliana ná soláthar seirbhísí Biúró Fuinnimh. Tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar na seirbhísí seo mar gheall ar an díriú náisiúnta ar éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú, ach tá líon teoranta gairmithe oile sa mhargadh a bhfuil an saineolas riachtanach acu. Tá an easpa seo tar éis moilleanna a chruthú maidir le bunú Biúróanna Fuinnimh agus dul chun cinn thionscadail Pathfinder a chur ar aghaidh ar an luas inmhianaithe. Leanann CARO ag obair leis an SEAI agus le hÚdaráis Áitiúla chun réitigh a fhiosrú, lena n-áirítear tionscnaimh forbartha acmhainne agus samhlacha éagsúla Biúró Fuinnimh.

Ba shaincheist shuntasach é seo go háirithe do CARO ASBN, toisc gur tháinig deireadh lena gconradh seirbhíse don Bhiúró Fuinnimh i mí Aibreáin, cé go raibh súil leis go gcuirfí síneadh bliana eile leis. Bhí bacainn eile ann mar gheall ar easpa caighdeánú ar rialachas, comhlíonadh na dTreoirínte Bonneagair agus Measúnuithe Cúnaimh Stáit ar fud na réigiún go léir maidir le cur i bhfeidhm chlár Pathfinder. Tá sé beartaithe go dtabharfaidh an obair atá á déanamh ag an SEAI, CARO ASBN agus CARO E&M aghaidh ar na saincheisteanna seo agus go gcumasóidh sí tabhairt isteach náisiúnta. Ní dhearnadh an dul chun cinn a rabhthas ag súil leis don tionscadal pleanáilte chun féidearthacht breoslaí bithfhuinnimh ar scála níos leithne a bhunú, go háirithe ar thailte feabhsúcháin. Is é an chéad chéim eile ná teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe acadúla oiriúnacha.

Bhí gealltanais ama, mar gheall ar an líon mór páirtithe a raibh teagmháil le déanamh leo, ina gconstaic ar dhul chun cinn tionscadal fuinnimh in-athnuaite, ar nós tionscadail ghréine ar mhórscaála, téamh ceantair agus theacht aniar na heangaí.

Caitheamh ar Phacáiste Oibre 4

Maolú = €6,429 (costais agus speansais foirne as an áireamh)



Cás-Staidéar



WP4 Maolú

Comhaontú nua maoinithe faoi chlár Pathfinder idir an SEAI agus Réigiún ASBN – CARO ASBN

Cúlra

Bunaíodh Biúró Fuinnimh i **Réigiún ASBN** le gach ceann de na cúig Údarás Áitiúla in 2022 ar feadh tréimhse thosaigh trí bliana. Tháinig deireadh le Conradh an Bhiúró Fuinnimh in Aibreán. Le linn na tréimhse 2022-2025, bhí Meabhrán Tuisceana i bhfeidhm idir Comhairle Contae Mhaigh Eo mar an tÚdarás Ceannais don Réigiún agus an SEAI maidir le maoiniú faoi chlár Pathfinder. Bhí Comhaontuithe Seirbhíse (SLAnna) bunaithe freisin idir Maigh Eo (mar údarás ceannais) agus na ceithre Údarás Áitiúla eile. Mhol an SEAI comhaontú nua maoinithe chun tionscadail a mhaoiniú thar an tréimhse 2025 go 2028, ina mbeadh 50% de chostais athchóirithe fuinnimh ar fhoirgnimh Údarás Áitiúil sa Réigiún á maoiniú.

An Gníomh a Rinneadh

- D'eisigh an SEAI dréacht-chomhaontú maoinithe chuig Comhairle Contae Mhaigh Eo mar an tÚdarás Ceannais agus chuir sé tús le hidirchaidreamh le CARO ASBN.
- D'eagraigh CARO ASBN trí cheardlann le Grúpa Stiúrtha Réigiúnach CARO chun an bealach is fearr chun cinn don réigiún a chomhaontú, an comhaontú maoinithe, samhail an Bhiúró Fuinnimh, an fhoireann riachtanach agus rialachas ina measc.
- D'oibrigh CARO ASBN leis an SEAI agus na cúig Údarás Áitiúla go léir chun tionscadail a aithint agus a chostáil le cur san áireamh in Pathfinder 1, 2 agus 3 thar thréimhse trí bliana.
- D'oibrigh CARO ASBN leis an SEAI chun sraith moltaí rialachais a fhorbairt de réir riachtanais an chomhaontaithe maoinithe agus na dTreoirínte Bonneagair.

Torthaí

Aontaíodh le comhaontú maoinithe ar fiú thart ar €47 milliún é do thionscadail in Pathfinder 1, 2 agus 3, ar fud na gcúig Údarás Áitiúil go léir. Forbraíodh próiseas rialachais leasaithe leis an SEAI agus cuireadh é san áireamh in SLA nuashonraithe, atá sínithe go foirmiúil anois. Cuirfear iad seo i bhfeidhm go hiomlán in 2026, rud a chuirfidh struchtúr soiléir agus comhordaithe ar fáil chun athchóiriú fuinnimh 2025-2028 ar fhoirgnimh Údarás Áitiúil sa réigiún a sholáthar, chomh maith le seirbhísí Biúró Fuinnimh amach anseo.



Cás- Staidéar



WP4 Maolú

Tionscadal Taispeána Doimhne na hÉireann ar an mBithgheilleagar CARO E&M agus ASBS

Cúlra

Teastaíonn gníomhartha comhordaithe ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ó aistriú na hÉireann go bithgheilleagar ciorclach aeráidneodrach. Aithnítear sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir leis an mBithgheilleagar 2023-2025 go bhfuil ról ríthábhachtach ag Údaráis Áitiúla agus ag tionóil réigiúnacha maidir le gníomhú ar son an bhithgheilleagair a chumasú. D'oibrigh **CARO E&M agus CARO ASBS**, trí Thionscadal Taispeána Doimhne na hÉireann ar an mBithgheilleagar, i gcomhpháirtíocht le EIT Climate-KIC, thar ceann na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus na Roinne Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE), chun clár spriocdhírthe forbartha acmhainní agus rannpháirtíochta a sholáthar a bhí dírithe ar fhoireann Údaráis Áitiúil agus réigiúnach a chumasú chun tuiscint, múnú agus gníomhú ar son an bhithgheilleagair a éascú.

An Gníomh a Rinneadh

- Trí cheardlann idirghníomhacha a éascú leis an bhfoireann in Údaráis Áitiúla agus Tionóil Réigiúnacha. Áiríodh i gclár ábhair na gceardlann machnamh ar chórais, an bithgheilleagar ciorclach agus tírdhreach beartais bithgheilleagair na hÉireann; bealaí aeráide amhail Laghdú, Ionadú agus Athghiniúint; uirlisí praiticiúla pleanála lena n-áirítear sonraí Inform Bio; agus réitigh bhithgheilleagair fíorshaoil amhail díleá anaeróbach, bithghualach agus bithscaglann, inar tugadh chun solais comhbhunúistí don aeráid, dramhaíl, cáilíocht uisce agus forbairt tuaithe.
- Seimineár gréasáin náisiúnta leantach a eagrú chun foghlaim agus tionchar a chur i gcuntas
- Gníomhaíochtaí feasachta a eagrú le linn Sheachtain Náisiúnta an Bhithgheilleagair, seimineár gréasáin agus cuairt suímh chuig Ionad Díleáiteoir Anaeróbach Teagasc sa Ghráinseach, Co. na Mí.

Torthaí

Nearthaigh Tionscadal Taispeána Doimhne na hÉireann ar an mBithgheilleagar an acmhainn ar fud an rialtais áitiúil agus réigiúnaigh trí thuiscint ar an mbithgheilleagar agus a bhaint le feidhmeanna eagraíochtúla a mhéadú; trí thacú le cur chuige comhroinnte, bunaithe ar chórais i leith gníomhú aeráide agus bithgheilleagair; trí chumasú deiseanna a bhaineann go sonrach leis an réigiún a aithint bunaithe ar shonraí áitiúla; agus trí chomhoibriú idir Údaráis Áitiúla, Tionóil Réigiúnacha, CARO agus EIT Climate-KIC a fheabhsú. Tá an comhoibriú seo tar éis bunchloch dhaingean a leagan d'fhoghlaim, gníomhaíocht agus tionchar leanúnach ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach, a thacaíonn leis an DAFM agus an DCEE i gcur i bhfeidhm beartais bithgheilleagair.



Cás-Staidéar

WP4 Maolú



PMC do Sheirbhísí Fuinnimh Réigiúnacha - An chéad chéim de thacaíocht fuinnimh a phleanáil do Réigiún ASBN

Cúlra

Thapaigh Réigiún ASBN, le tacaíocht ó CARO ASBN, an deis chun athmheasúnú a dhéanamh ar na hacmhainní agus an saineolas don Bhiúró Fuinnimh (EB) a bheadh riachtanach chun spriocanna 2030 a bhaint amach nuair a thiocfadh deireadh leis an gconradh reatha EB. I bhfianaise scála, castachta agus sainchineál soláthair fuinnimh agus iarfheistithe, comhaontaíodh go ndéanfaí Réamhchomhairliúchán Margaidh (PMC). Ba é cuspóir an Réamhchomhairliúcháin Margaidh (PMC) tuiscint níos fearr a fháil ar chumas an mhargaidh, ar shamhlacha soláthair agus ar chur chuige deachleachtais ó réigiúin eile chun an bealach is oiriúnaí chun cinn don Réigiún a threorú.

An Gníomh a Rinneadh

- Bhunaigh CARO ASBN an Grúpa Oibre um Thairiscintí Seirbhísí Fuinnimh Réigiúnacha, le hionadaithe ó na cúig Údarás Áitiúla go léir agus CARO.
- Aontaíodh le doiciméad do chuspóirí comhairliúcháin.
- Eisíodh PMC trí ríomhthairiscintí chun aiseolas a bhailiú ón margadh seirbhísí fuinnimh.
- Fuarthas ocht bhfreagra ó sholáthraithe, agus ina dhiaidh sin réachtáladh cruinnithe mionsonraithe leantacha le ceathrar soláthraithe. • Bunaíodh foghrúpa chun tabhairt faoi phlé leantach le, 1.) Aonaid Fuinnimh Réigiúnaigh Eile, 2.) Gníomhaireachtaí Fuinnimh agus 3.) An SEAL.
- Reachtáladh sraith ceardlann grúpa oibre chun aiseolas ón margadh a athbhreithniú, samhlacha soláthair a úsáidtear i réigiúin eile a chur i gcomparáid, agus roghanna do réigiún ASBN a mheas.
- Forbraíodh agus measadh roinnt samhlacha soláthair féideartha, agus béim ar acmhainn inmheánach a fhorbairt, luach ar airgead a chinntiú, agus brath ar sholáthraí seachtrach amháin a laghdú.
- Breithníodh teorainneacha chumas an mhargaidh gach seirbhís fuinnimh riachtanach a sholáthar trí sholáthraí aonair.
- Scrúdaíodh an tábhacht a bhaineann le saineolas inmheánach Údarais Áitiúil a fhorbairt, le tacaíocht ó sheirbhísí seachtracha nuair is gá.
- Cuimsíodh na cuir chuige atá á n-úsáid go rathúil i réigiúin eile, go háirithe úsáid bainisteoirí fuinnimh atá fostaithe go réigiúnach in éineacht le saintacaíochtaí bunaithe ar chreatchonarthaí.

Torthaí

Chuir próiseas an PMC tuiscint shoiléir fhianaisebhunaithe ar fáil ar roghanna samhlacha soláthair an Bhiúró Fuinnimh do réigiún CARO ASBN. D'aontaigh an Grúpa Oibre leis na roghanna samhla soláthair seo agus cuireadh faoi bhráid an RSG iad. Roghnaigh an RSG an tsamhail ab fhearr leo agus dhaingnigh siad go foirmiúil an cur chuige don réigiún. Mar thoradh air sin, fuarthas sainordú chun dul ar aghaidh le soláthar seirbhísí Biúró Fuinnimh amach anseo do réigiún CARO ASBN.



07

Oiliúint agus Oideachas



Cás-Staidéar



LOCAL AUTHORITY
Climate Action
Training Programme

WP5 Oiliúint agus Oideachas

Córas Bainistíochta Foghlama – Soláthar Oiliúna – CARO E&M

Cúlra

Mar chuid den Chlár Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide d'Údaráis Áitiúla atá maoinithe ag an DCEE, bhí gá soiléir ann le teacht ar oiliúint ardchaighdeán agus chomhsheasmhach ar ghníomhú ar son na haeráide a leathnú go héifeachtúil ar fud an rialtais áitiúil. Chuir scála agus éagsúlacht na nÚdarás Áitiúil, na ról agus na suíomhanna geografacha teorainn le héifeachtacht na samhlacha traidisiúnta rannpháirtíochta agus oiliúna pearsanta ina n-aonar. Chun aghaidh a thabhairt air seo, shainithin CARO E&M, i gcomhar leis an LASNTG, agus chuir siad chun cinn forbairt ardán foghlama digití tiomnaithe chun tacú le soláthar oiliúna solúbtha, inscálaithe agus inrochtana trí Chóras Bainistíochta Foghlama (LMS) dea-dheartha. Ba é an cuspóir eolas agus scileanna um ghníomhú ar son na haeráide a leabú ar fud gach leibhéil den rialtas áitiúil, idir bhaill thofa agus an ardbhainistíocht agus an fhoireann oibríochtúil agus theicniúil, agus tacú le foghlaim leanúnach a thagann le cuspóirí náisiúnta aeráide.

An Gníomh a Rinneadh

Forbraíodh sonraíocht leis na príomhriachtanais seo a leanas:

- LMS atá éasca le húsáid, le béim ar inrochtaineacht, nascleanúint iomasach agus comhoiriúnacht ilghléasanna.
- Ábhar struchtúrtha um ghníomhú ar son na haeráide, modúil féinstiúrtha, acmhainní agus measúnuithe chun tacú le foghlaim sholúbtha ina measc. • Bainistíocht úsáideoirí agus tuairisciú láidir chun monatóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht, ar chríochnú agus ar rannpháirtíocht fhoriomlán.

- Ardán a sheasfaidh an aimsir atá in ann scálú chun freastal ar chlár nua, nuashonruithe beartais agus riachtanais foghlama atá ag athrú.

Tar éis próiseas soláthair, cuireadh comhairleoirí speisialaithe TF i mbun oibre chun LMS saincheaptha a dhearadh agus a fhorbairt a bhí oiriúnaithe do riachtanais an chlár oiliúna.

Torthaí

Cuireadh an LMS chun feidhme i mí Iúil agus tá buntáistí suntasacha curtha ar fáil aige, rannpháirtíocht foghlaiméirí níos éifeachtaí, rochtain leathnaithe do bhaill foirne agus thofa, méadú ar rannpháirtíocht thrasdísiciúil, taithí úsáideora chomhsheasmhach agus dearbhú cáilíochta, feabhas ar mhonatóireacht agus tuairisciú, inbhuanaitheacht fhadtéarmach trí bhrath laghdaithe ar mhúnlaí soláthair atá dian ar acmhainní, neartú ar acmhainní um ghníomhú ar son na haeráide, rannpháirtíocht níos leithne agus soláthar oiliúna caighdeánaithe ina measc.

Oiliúint agus Oideachas

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- An comhaontú seirbhíse ilbhliantúil a choimeád leis an DCEE chun maoiniú a rialú d'Oiliúint Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- An Plean Oiliúna um Ghníomhú Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm.
- Leanúint le hidirchaidreamh a dhéanamh le comhpháirtithe straitéiseacha agus oiliúint á soláthar cosúil le: CCMA, an LGMA, an SEAI, Climate Ireland, an IPA, an OPW agus Met Éireann, etc.
- Leanúint ag obair go dlúth le LASNTG chun oiliúint a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar agus creidiúnú oiliúna a fháil mar a theastaíonn.

Léargas Ginearálta

Leanann CARO, le maoiniú ón Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (an DCEE), le forbairt agus soláthar Oiliúna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide a stiúradh. Tacaíonn an tionscnamh seo le forbairt acmhainní ar fud na hearnála trí Phlean Oiliúna an Chláir Oiliúna Údaráis Áitiúil um Ghníomhú ar son na hAeráide (LACATP) 2024-2027 a chur i bhfeidhm. Gníomhaíonn CARO an Oirthir agus Lár Tíre (CARO E&M) mar cheannasaí tionscadail don chlár oiliúna i ndlúthchomhar le comhpháirtithe straitéiseacha, CCMA, an LGMA, Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG), an SEAI, Climate Ireland, an Foras Riaracháin (IPA), an OPW, agus Met Éireann ina measc lena chinntiú go soláthraítear oiliúint ardchaighdeáin. Oibríonn siad go han-dlúth freisin le Grúpa Oiliúna Náisiúnta Sheirbhísí na nÚdarás Áitiúil (LASNTG) maidir le soláthar oiliúna. Tacaítear leis sin trí SLA idir Comhairle Contae Chill Dara agus Comhairle Contae Thiobraid Árann. Cuireann an DCEE maoiniú ar fáil don chlár oiliúna agus ceadáitear gach bliain é trí chaiteachas vótáilte. Maoiniú ar leith é seo ón mbunmhaoiniú a dháiltear ar na CAROanna. Rialaíonn Comhaontú Seirbhíse (SLA) tiomnaithe idir an DCEE agus Comhairle Contae Chill Dara, mar an t-údarás óstála do CARO E&M, an clár oiliúna. Dáilfear €500,000 gach bliain faoin SLA sin go dtí deireadh 2027.



Grianghraf: Plé i ngrúpa ar an imeall ag an 3ú Tionól Bliantúil Dumhcha



Éachtaí

An Plean Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2027:

Cheadaigh an CCMA Plean Oiliúna an LACATP 2024-2027 i mBealtaine 2024. Ba é an sprioc líon oiliúna do 2025 ná 8,000, agus sáraíodh an sprioc sin. Deimhneofar na líonta deiridh oiliúna faoi dheireadh Eanáir 2026. Forbraíodh agus aontaíodh leis an gClár Oiliúna um Ghníomhú ar son na hAeráide 2026 i ráithe 4 2025 ag an nGrúpa Oiliúna Feidhmiúcháin (ETG) agus SIG, agus sprioc 9,450 rannpháirtí oiliúna ann.




LOCAL AUTHORITY
Climate Action
Training Programme

Soláthar Oiliúna in 2025

Tar éis ceadú Phlean Oiliúna an LACATP 2024-2027, bunaíodh Grúpa Oiliúna Feidhmiúcháin chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar na hoiliúna faoin bplean nua agus ar sholáthar Córais Bainistíochta Foghlama (LMS).



Grianghraf: Turas allamuigh go dtí an Díleáiteoir Anaeróbach ag Imeacht Bithghilleagair sa Ghráinseach, Contae na Mí



Grianghraf: Cur i láthair ag imeacht Flít i gCill Chainnigh.



Bunaíodh nósanna imeachta rialachais a bhí faoi mhaoirseacht an ETG, a cuireadh le chéile le hionadaithe ón CCMA, AILG, an EPA, an SEAI, Met Éireann, an Chomhairle Oidhreachta agus LASNTG. Tháinig an grúpa seo le chéile ceithre huaire agus bhunaigh siad bealaí tuairiscithe chuig an nGrúpa Oiliúna Seirbhíse Comhshaoil (ESTG), LASNTG, CMG, SAG CARO agus SIG.



Grianghraf: Cur i láthair á dhéanamh ag an Dr Eugene Farrell ag an 3ú Tionól Bliantúil Dumhcha



Córas Bainistíochta Foghlama

Chun teacht ar oiliúint chomhsheasmhach ar ghníomhú ar son na haeráide faoin gclár oiliúna a leathnú, d'fhorbair CARO E&M agus LASNTG Córas Bainistíochta Foghlama digiteach saincheaptha. Féach an Cás-Staidéar.

Cláir Oiliúna Théamacha

Bhunaigh CARO E&M trí ghrúpa oiliúna théamacha, agus tionóladh gach ceann díobh le Téarmaí Tagartha sainithe agus páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear ionadaithe ó Sholáthar Poiblí Glas (GPP), Freagairt Éigeandála agus Athrú Aeráide, agus Réitigh Dhúlra bhunaithe (NbS).

- GPP: Cuireadh oiliúint shaincheaptha um Sholáthar Poiblí Glas ar fáil thar 15 sheisiún oiliúna d'fhoireann na nÚdarás Áitiúil atá bainteach go díreach nó go hindíreach le próisis soláthair.
- Bhí soláthar oiliúna d'fhoireann na Seirbhísí Dóiteáin ar siúl go leanúnach, le rannpháirtíocht leanúnach idir LASNTG agus gach Seirbhís Dóiteáin faoi seach. Rinne CARO E&M idirchaidreamh leis an Stiúrtóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála agus leis an gCoiste um Pleanáil Chorpáraídeach agus Éigeandála chun oiliúint don Bhainistíocht Shinsearach maidir le freagairt d'imeachtaí drochaimsire tromchúiseacha a scóipeáil. Tionóladh grúpa oiliúna téamach i mí na Nollag chun ábhar agus soláthar a fhiosrú.
- Tosaíodh seimineár gréasáin an 21 Márta a bhí dírithe ar fhoireann um ghníomhú ar son na haeráide ina raibh ábhar éagsúil a bhain le gníomhú ar son na haeráide. Soláthraíodh ceithre sheimineár gréasáin déag.
- Seimineár Gréasáin ar Réitigh Dhúlra bhunaithe: D'óstáil CARO seimineár gréasáin an 25 agus an 27 Samhain le cainteoirí ón DHLGH, LAWPRO





agus ón gComhairle Oidhreachta. Bhí an seimineár gréasáin dírithe ar Phríomhfheidhmeannaigh agus foireann Bainistíochta Sinsearaí chun an clár oiliúna teicniúla a bheidh á chur ar fáil don fhoireann a chur i láthair agus chun deiseanna maoinithe a thabhairt chun solais do thionscadail amhail gairdíní báistí a chur isteach agus oibreacha caipitil píolótacha Réiteach Dúlrbhunaithe. Bhí freastal maith ar an Seimineár Gréasáin agus bhí idirghníomhú maith ann idir na cainteoirí agus rannpháirtithe sa seisiún Ceisteanna agus Freagraí.

- Leanfaidh gach grúpa oiliúna téamach ar aghaidh in 2026.



Oiliúint Eile

D'éascaigh CARO E&M dearadh agus forbairt an dara leagan den Chlár Feasachta (ar shaincheisteanna athraithe aeráide) (ar líne) do gach ball foirne Údaráis Áitiúil atá ag obair laistigh, atá á sholáthar tríd an gCóras Bainistíochta Foghlama (LMS). Críochnaíodh próiseas tairisceana do thacaíocht do sheirbhísí closamhairc dó seo freisin.



Oiliúint Earnála an Rialtais Áitiúil

Thacaigh agus d'éascaigh CARO E&M oiliúint an DCEE don fhoireann rialtais áitiúil, a dhírigh ar neartú rannpháirtíocht an phobail. Chuir an fhoireann leis an oiliúint don Chlár Bóithre Rialtais Áitiúil freisin, a soláthraíodh i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (SETU). Anuas air sin, chomhoibrigh CARO E&M le hOifig an Rialálaí Pleanála (OPR) agus leis an gComhairle Oidhreachta ar a gcláir oiliúna don fhoireann Údaráis Áitiúil agus chuir siad le straitéis oiliúna AILG chun deiseanna foghlama amach anseo a threorú d'ionadaithe tofa.



Athbhreithniú ar Chúrsaí Tríú Leibhéal

Rinne CARO DM athbhreithniú bliantúil ar an bhfardal cúrsaí tríú leibhéal a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide, i.e. sna réimsí Aeráide, Comhshaoil, Fuinnimh, Iompair, Pleanála agus Inbhuanaitheachta. Nuashonraíodh é sin ar shuíomh gréasáin CARO.

Bacainní

- Níor tháinig aon bhacainní aníos mar gheall gur soláthraíodh gach gníomhaíocht phleanáilte don bhliain 2025 agus gur mhó na háiteanna oiliúna ná na líonta tuartha oiliúna don bhliain. Bhí gach gníomh faoin bPacáiste Oibre seo ar an mbóthar ceart faoi dheireadh na bliana.

Caitheamh ar Phacáiste Oibre 5

Oiliúint agus Oideachas = Náid (costais agus speansais foirne as an áireamh) Bainistítear buiséad Oiliúna E&M faoi SLA ar leith agus tuairiscítear é go neamhspleách ón gcaitheamh seo ar Phacáiste Oibre.



08

Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Saoránach



Cás- Staidéar



WP 6 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Saoránach

Comhpháirtíocht Straitéiseach – Imeacht Treoshuímh na gCumann Glas CLG (CARO E&M)

Cúlra

Is comhpháirtíocht náisiúnta idir CLG agus an CCMA é an Clár na gCumann Glas CLG a thacaíonn le gníomhú ar son na haeráide faoi stiúir an phobail. Úsáideann an clár líonra láidir pobail CLG agus saineolas aeráide na nÚdarás Áitiúil chun cabhrú le cumainn rudaí praiticiúla a dhéanamh i measc téamaí amhail fuinneamh, dramhaíl, bithéagsúlacht, uisce agus taisteal. De réir mar a thosaigh Céim 3 in 2025, lean an rannpháirtíocht ag fás, agus pleanáladh imeacht treoshuímh náisiúnta chun tacú le cumainn atá ag tosú ar a dturas inbhuanaitheachta. Úsáideann an clár líonra láidir pobail CLG agus saineolas aeráide na nÚdarás Áitiúil chun cabhrú le cumainn rudaí praiticiúla a dhéanamh i measc téamaí amhail fuinneamh, dramhaíl, bithéagsúlacht, uisce agus taisteal.

An Gníomh a Rinneadh

I mí an Mhárta, chabhraigh CARO E&M le himeacht treoshuímh náisiúnta na Cumann Ghlas a chur ar siúl ag Páirc an Chrócaigh do níos mó ná 180 cumann CLG. Chuir an t-imeacht Céim 3 den chlár i láthair na gcumann agus leagadh amach ann na príomhchuspóirí, na huirlisí agus na tacaíochtaí atá ar fáil. Is éard a bhí san imeacht:

- cuir i láthair agus moltaí saineolaithe
- gníomhaíochtaí grúpa agus seisiúin phiarfhoghlama
- treoir maidir le Tairseach na gCumann Glas agus an creat garspriocanna a úsáid
- seisiún tiomnaithe CARO inar tugadh cuntas ar thacaíochtaí Údaráis Áitiúil

D'úsáid cumainn an lá chun limistéir ghnímh tús áite a aithint agus a gcéad chéimeanna eile a phleanáil. Chríochnaigh CARO E&M agus CLG Meabhrán Tuisceana nuashonraithe 2026-2030 i mí na Nollag, a shín an chomhpháirtíocht ar feadh cúig bliana eile, agus tá síniú foirmiúil beartaithe go luath in 2026.

Torthaí

D'éirigh le himeacht Pháirc an Chrócaigh Céim 3 a chur chun feidhme, inar tugadh tuiscint shoiléir do na cumainn ar an gclár agus ar na huirlisí a theastaíonn chun gníomhú praiticiúil ar son na haeráide a dhéanamh. Thug na cumainn méadú le fios ar mhuinín agus ar shoiléire maidir le conas tús a chur lena gcuid obair inbhuanaitheachta nó í a chur chun cinn. Rinne imeacht aitheantais ar leith i bPáirc an Chrócaigh ceiliúradh ar níos mó ná 90 cumann a bhí tar éis gníomhartha na gCumann Glas a chur i gcrích cheana féin, a léirigh an dul chun cinn ar fud na tíre.

Neartaíonn an Meabhrán Tuisceana athnuaite an chomhpháirtíocht idir Údaráis Áitiúla agus CLG, tacaíonn sé le rannpháirtíocht leanúnach na gcumann, agus leabaíonn sé gníomhú agus teacht aniar aeráide ar leibhéal pobail sa chlár do na chéad chúig bliana eile.

Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Saoránach

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Cumarsáid a chothú idir na CAROanna agus gach páirtí leasmhar ar leibhéil chontae, réigiúnacha, náisiúnta agus eanála.
- Suíomh gréasáin CARO a chothabháil agus a choimeád cothrom le dáta, míreanna rialta nuacht a, cás staidéir ÚÁ, athbhreithniú ar an mol eolais agus cothabháil ghinearálta ina measc.
- Tacú le Plé Náisiúnta, Comhrá Pobail ar an Aeráid agus tionscnaimh Litearthachta Aeráide.
- Tacú le hÚdaráis Áitiúla trí ábhar agus brandáil a sholáthar chun cabhrú leo chun cur i bhfeidhm a bpleananna um ghníomhú ar son na haeráide a chur in iúl.

Léargas Ginearálta

Tá ról lárnach ag cumarsáid straitéiseach agus rannpháirtíocht páirtithe leasmhara i rath foriomlán na CAROanna agus i soláthar gníomhaíochta aeráide tríd an earnáil rialtais áitiúil. Tá sé ríthábhachtach maidir le rath na CAROanna cumarsáid a bhainistiú trí na CAROanna a shuíomh mar fhoinsé iontaofa eolais maidir le tionchair, gníomhartha, imeachtaí agus forbairtí an Athraithe Aeráide i ngach réigiún. Déanfaidh na CAROanna iarracht feasacht a mhúscailt trí chumarsáid agus an fheasacht sin a iompú ina gníomhartha fiúntacha go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta.

Áirítear leis seo cás-staidéir agus taighde a spreagadh agus a chur chun cinn, chomh maith le huirlisí / prótacail a sholáthar chun comhoibriú, dea-chleachtas agus ceannaireacht a éascú.

Tá CARO tiomanta i gcónaí don chumarsáid a neartú le príomhpháirtithe leasmhara ar leibhéil chontae, réigiúnacha, náisiúnta, agus eanála, a chinntíonn go ndéantar idirchaidreamh agus ailíniú leanúnach le tionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide. Glacann suíomh gréasáin CARO a chothabháil agus a nuashonrú le ról ríthábhachtach san iarracht seo, ina soláthraítear nuashonruithe rialta nuachta, cás-staidéir ÚÁ agus mol eolais chun tacú le foireann Údaráis Áitiúil. De bhreis air sin, tacaíonn CARO go gníomhach leis an bPlé Náisiúnta, Comhrá Pobail ar an Aeráid agus tionscnaimh Litearthachta Aeráide, ina gcuirtear feasacht ar an aeráid agus rannpháirtíocht i mbeartas chun cinn. Leatar le tús áite a thabhairt do chabhrú le hÚdaráis Áitiúla chun dul chun cinn a bhrandáil agus a chur in iúl ar chur i bhfeidhm a bpleananna um Ghníomhú ar son na hAeráide le for-rochtain agus rannpháirtíocht an phobail éifeachtach a chinntiú.



Éachtaí

Clár na gCumann Glas CLG

Tosaíodh Céim 3 de Chlár na gCumann Glas CLG go luath i mbliana chun cur leis na cumainn a ghlacann páirt ann. Chláraigh thart ar 230 cumann le céim 3 anuas ar na 240 cumann atá bainteach cheana. Féach an Cás-Staidéar.



Grianghraf: Lucht Freastail ag Imeacht na gCumann Glas.



Grianghraf: Imeacht na gCumann Glas



Grianghraf: Cumainn Ghlasa CLG - Cumann CLG Bhaile an Doirín, Gaillimh



Rannpháirteachas le Páirtithe Leasmhara a Chothú

Rinne CARO ASBN seisiún spreagathisc a éascú agus rinne siad cur i láthair ag ceann de na seisiúin phlé ar an imeall ag Comhdháil Aeráide Mary Robinson, a neartaigh tionchar cumarsáide na CAROanna. Léiríonn rannpháirtíocht ag an ócáid seo feachtas ar chlár um ghníomhú Údaráis Áitiúil ar son na haeráide agus thug sé deis obair leanúnach a thaispeáint do sprioclucht leathan déanta beartas, acadóirí, grúpaí pobail, agus comhpháirtithe earnála.



Reáchtáladh Comhdháil na nDeiseanna Eacnamaíocha ó Ghníomhú ar son na hAeráide in Óstán an Tullamore Court i Márta agus forbraíodh í i gcomhar leis na hOifigí Fiontair Réigiúnacha Lár Tíre, CARO E&M, Údaráis Áitiúla Lár Tíre, Fáilte Ireland, an Fóram Scileanna Réigiúnach Lár Tíre agus BOO Laoise/Uíbh Fhailí, mar chuid de Chlár Lár Tíre um Aistriú Cóir an AE. Leagadh béim ar thionscadail atá á soláthar faoi na snáitheanna éagsúla de Chiste um Aistriú Cóir an AE (JTF), lena n-áirítear Inbhuanaitheacht Fiontraíochta, freagairtí ar Ghníomhú ar son na hAeráide, comhfhorbairt áite athghiniúnach, agus turasóireacht agus scileanna don todhchaí.

D'athbhunaigh an Coiste um Fhorbairt Eacnamaíoch (EDC) an Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide i mí Iúil agus cheadaigh siad a dTearmaí Tagartha nua. Tionóladh an Grúpa Stiúrtha i mí na Nollag agus cuireadh tuarascáil faoi bhráid an EDC inar leagadh amach conas a thacóidh an grúpa le comhtháthú an ghníomhaithe aeráide i bhfeidhmeanna forbartha eacnamaíochta agus fiontraíochta na nÚdarás Áitiúil.

Monatóireacht, Tuairisciú agus Cumarsáid



Athbhunaíodh Grúpa Oibre Cumarsáide CARO chun cur chuige comhordaithe a fhorbairt i leith gach cumarsáide ó na CAROanna. Áiríodh leis an obair a rinneadh an próiseas ullmhúcháin don Tuarascáil Bhliantúil seo a shimpliú, Clár de gach doiciméad CARO a bhunú, comhaontú ar Théarmaí Tagartha nua, comhaontú le próiseas ceadaithe don Tuarascáil Bhliantúil, agus tús a chur le hathbhreithniú criticiúil ar an Straitéis Cumarsáide.

Ag Tacú leis an gClár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide



Grianghraf: Seoladh an dara babhta de Chlár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide Chomhairle Contae Mhaigh Eo



D'fhreastail CARO ASBN ar Shnáithe 2 den Chlár um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide (CCAP) – Seoladh Taighde agus Taispeántas Tionscadal, i mBaile Átha Cliath an 24 Meitheamh, a chuir chun cinn na tionscadail uile a mhaoinigh Pobal faoi Shnáithe 2. D'éirigh le CARO ASBN in dhá thionscadal, Tránna agus Dumhcha agus Climate Connected, nuair a seoladh an snáithe seo in 2022. Chuir Pobal é seo ar siúl thar ceann an DCEE. Chuir CARO ASBN seastán in airde chun an Tionscadal Tránna agus Dumhcha a thaispeáint. Cuireadh seastán in airde freisin do Thionscadal Climate Connected ag an imeacht inar taispeánadh an tionscadal seo.

Tá CARO E&M ina bhall gníomhach de ghrúpa oibre CCAP an LGMA leis an DCEE chun tacú le riarachán agus cur i bhfeidhm an chláir trí na hÚdaráis Áitiúla. Seoladh Céim 2 go foirmiúil an 28 Deireadh Fómhair. Tá idirchaidreamh le pobail tosaithe anois ar fud na hearnála de réir mar atá údaráis áitiúla ag cur an chéad chéim eile de sholáthar an chláir chun cinn.



Grianghraf: Painéil Ghréine ag Cumann CLG Eanach Dhúin

Tionscadal Climate Connected, Sraith Straitéisí chun Comhchruthú agus Gníomhú ar son na hAeráide a Chur chun Cinn

Thug an tionscadal Climate Connected le chéile comhpháirtithe CARO ASBN, Ollscoil na Gaillimhe (UG), Údaráis Áitiúla i réigiún ASBN, Energy Cooperatives Ireland agus Volunteer Ireland chun oibriú ar fhorbairt réimse uirlisí, cás-staidéar agus ardán comhroinnte chun tacú le pobail dhícharbónaithe a lorg carbóin a laghdú. Féach an Cás-Staidéar.



Grianghraf: Comhairle Contae na Gaillimhe agus Comharchumann Fuinnimh Árann ag imeacht Climate Connected



Grianghraf: Díospóireacht phainéil ag imeacht Climate Connected

Seó Samhraidh Chorcaí

Chuir CARO ASBS, i gcomhar le Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide Chomhairle Contae Chorcaí, comhsheastán in airde ag Seó Chorcaí 2025, inar cuireadh fáilte roimh níos mó ná 40,000 cuairteoir thar dhá lá. Féach an Cás-Staidéar.



Grianghraf: Seastán CARO ASBS ag Seó Samhraidh Chorcaí

Suíomh Gréasáin CARO

Leanadh le hobair ar shuíomh gréasáin CARO le linn na bliana, agus tosaíodh obair ar roinnt limistéar a bhí le feabhsú. Chuathas i mbun bearta luatha chun:

- Pleanáil d'athchruthú ardán an tsuímh gréasáin.
- Saincheistean teicniúla a athbhreithniú.
- Ábhar a nuashonrú.
- Roghanna a fhiosrú d'uirlis oiriúnach mhonatóireachta agus tuairiscithe do ghníomhartha CAP ÚÁ.
- An fheidhm chuardaigh a fheabhsú.

Leantar le tús áite a thabhairt d'athfhorbairt iomlán an tsuímh gréasáin, athchruthú an ardáin agus uirlis nua mhonatóireachta agus tuairiscithe san



áireamh do ghníomhartha CAP ÚÁ, ach ní féidir leis dul chun cinn gan maoiniú tiomnaithe agus treo soiléir. Aithníodh an riachtanas maoinithe dó seo sa Chás Gnó Maoinithe do thionscadail i gClár Oibre bliantúil CARO, agus táthar ag súil le tuilleadh dul chun cinn tar éis Athbhreithniú CARO, Athbhreithniú na Straitéise Cumarsáide agus toradh an Cháis Gnó seo.



Lá na nGairmeacha

Chruthaigh CARO DM Lá Gairmeacha Aeráide chun a léiriú gur féidir le gníomhú ar son na haeráide a bheith mar chuid d'aon phost. D'eagraithe CARO DM imeacht painéal le saineolaithe ó earnálacha éagsúla. Seoladh cuirí chuig coláistí tríú leibhéal. Cuireadh seisiún ceisteanna agus freagraí, cleachtadh plé cruthaitheach, agus comhráite beaga timpeall boird ar siúl sa seisiún ionas go bhféadfadh freastalaithe labhairt go díreach le baill an phainéil faoi ghairmeacha i ngníomhú ar son na haeráide. Bunaíodh Sainphainéal ina raibh Georgia Cameron, an Ceannaire Tacaíochta Nuálaíochta Beartais le Misean 100 Cathair Aeráidneodrach Chliste an AE; Richard Fitzpatrick, Comhordaitheoir Feasachta Aeráide agus Comhshaoil do Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin; Catherine Joyce-Ó Caollaí, Ceannaire Beartais ag ESB Group; Alvar Geener, Comhlach ag Bankers without Boundaries; an Dr Seán O'Leary, ó Institiúid Pleanála na hÉireann; agus Ed Synnott, nuálaí agus straitéisí uirbeach. Éascaíodh ceisteanna ón lucht féachana tar éis an phlé painéil, agus spreag seisiún nuálach idirghníomhach ar ar tugadh "ceist an ainmhí" ("Dá mba ainmhí do ghairm bheatha, cén t-ainmhí a bheadh inti agus cén fáth?") go leor plé agus idirghníomhaíochta. Ócáid thar a bheith rathúil a bhí anseo a spreag daoine nach raibh i ngairmeacha a bhaineann leis an aeráid chun machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh a scileanna a bheith úsáideach sa réimse seo.



Grianghraf: Lucht Freastail ag imeacht Lá na nGairmeacha i mBaile Átha Cliath.



Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath

D'éirigh le CARO DM, i gcomhar le Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus Codema – Gníomhaireacht Fuinnimh Baile Átha Cliath, clár imeachtaí a eagrú do Sheachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath (an 12-18 Bealtaine). Ba é an príomhchuspóir ceangail a threisiú idir grúpaí pobail, gnólachtaí, agus eagraíochtaí agus tionscnaimh aeráide faoi stiúir an Údaráis Áitiúil ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath á dtaispeáint. I measc na bpríomhimeachtaí a d'éascaigh CARO DM bhí Lá Gairmeacha Beatha Aeráide, áit ar chuir mic léinn gairmithe aeráide faoi agallamh agus inar chomhoibrigh siad le foireann ó gach ceann de na ceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath chun dul i ngleic le dúshlán aeráide faoi leith, Ceardlann Cathracha Neodracha le Foireann UÁ Bhaile Átha Cliath, Ceardlann le saineolaithe agus leis an bpobal do Minority Report; Mórshiúlta Pedal Party ar fud na gceithre Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath; Cabaret Aeráide; agus lascaí ó oibreoirí soghluaisteacha comhroinnte. Cuirfidh an méid a foghlaimíodh uaidh seo le féilte Aeráide eanála a phleanáil.



Photo: Launch of Dublin Climate Action Week 2025

Bacainní

Lean dúshlán chumarsáide de bheith roimh CARO le linn na bliana. Is saincheist leanúnach fós é an suíomh gréasáin a choinneáil cothrom le dáta, agus foireann oile a bheith ann chun an obair seo a bhainistiú, agus is amhlaidh atá próiseas chun nuashonruithe cruinne agus tráthúla a chinntiú. Leantar le tús áite a thabhairt d'aistriú go hardán nua suímh gréasáin agus uirlis tuairiscithe CAPanna UÁ a sholáthar, ach teastóidh maoiniú mór uaidh sin. Me astar go gcuideoidh Athbhreithniú CARO, mar aon le hAthbhreithniú na Straitéise Cumarsáide, le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an obair seo in 2026.

I measc na ndúshlán eile a tháinig chun cinn bhí rannpháirtíocht le comhpháirtithe iolracha ar thionscnaimh atá coitianta i measc go leor eagraíochtaí, amhail scagadh dramhaíola, cosc dramhaíola agus soláthar glas, go háirithe maidir le lóistíocht.

Caitheamh ar Phacáiste Oibre 6

Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Saoránach = €33,153 (costais agus speansais foirne as an áireamh)



Cás- Staidéar



WP6 - Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Saoránach

Climate Connected - Sraith Straitéisí Pobail chun tacú le Gníomhú Áitiúla ar son na hAeráide – CARO ASBN

Cúlra

Tá go leor pobal ag iarraidh gníomhú ar athrú aeráide ach bíonn sé deacair dóibh fios a bheith acu cá háit le tosú, agus is minic nach mbíonn uirlisí praiticiúla, treoir shoiléir ná samplaí d'fheidhmiú rathúil in áiteanna eile acu. Féadfaidh sé seo a bheith ina chúis le héiginnteacht agus le laghdú muiníne maidir le gníomhú ar son na haeráide ar leibhéal áitiúil. Forbraíodh tionscadal Climate Connected chun dul i ngleic leis an mbearna seo. Maoinítear é faoi Shnáithe 2 den CCAP agus díreann sa tionscadal ar oideachas aeráide, forbairt acmhainne agus foghlaim trí dhéanamh. Tacaíonn sé le pobail iad féin a eagrú, a lorg carbóin a laghdú agus a bheith níos athléimní i leith athrú aeráide. Forbraíodh an tionscadal ag Ollscoil na Gaillimhe, i gcomhpháirtíocht le CARO ASBN, Energy Cooperatives Ireland, Comhordaitheoirí/Oifigigh um Ghníomhú ar son na hAeráide agus grúpaí pobail. Baineadh triail as i bpobail i Maigh Eo, Sligeach agus Gaillimh.

An Gníomh a Rinneadh

Forbraíodh Sraith Straitéisí ar líne um Ghníomhú ar son na hAeráide sa tionscadal trí úsáid a bhaint as cur chuige comhdhearaidh, inar oibrigh pobail agus cleachtóirí as lámha a chéile chun uirlisí praiticiúla agus inrochtana a mhúnlú. I measc na bpríomhghníomhartha, bhí:

- Fostaíodh Oifigigh thiomnaithe um Chriosanna Dícharbónaithe (DZ), a chuireann tacaíocht ar an talamh ar fáil do phobail rannpháirteacha agus a neartaíonn soláthar agus rannpháirtíocht ar leibhéal áitiúil.
- Forbraíodh Uirlis um Struchtúr Pobail chun tacú le dea-rialachas agus eagrúchán ar leibhéal pobail.
- Aip Loirg Carbóin a chruthú chun cabhrú le pobail astaíochtaí áitiúla a thomhas agus a bhainistiú.
- Uirlisí rannpháirtíochta pobail, cás-staidéir agus scéalta ratha a sholáthar chun gníomhú a spreagadh.
- Treorach do Phlean Gníomhaíochta DZ a fhorbairt chun tacú le planáil struchtúrtha aeráide ar leibhéal áitiúil.
- Mol gréasáin lárnaigh a bhunú chun na hacmhainní uile a thabhairt le chéile ar ardán inrochtana amháin.

Torthaí

Faoi dheireadh 2025, bhí tionscadal Climate Connected curtha i gcrích go hiomlán, agus an tsraith uirlisí ar líne seolta agus á húsáid go gníomhach ag pobail rannpháirteacha. Cuireadh an tionscadal ar taispeáint ag dhá imeacht náisiúnta: Seoladh Thaighde Shnáithe 2 den CCAP i mBaile Átha Cliath (24 Meitheamh) agus imeacht taispeántais deiridh i nGaillimh (8 Nollaig). Tá raon leathan cás-staidéar agus uirlisí á gcur ar fáil anois ar an suíomh gréasáin, an Aip Loirg Carbóin, Uirlis um Struchtúr Pobail agus acmhainní rannpháirtíochta, agus tá siad uile ag tacú le tionscnaimh leanúnacha aeráide ar leibhéal áitiúil.



Cás- Staidéar



WP6 - Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Saoránach

Seastán CARO ag Seó Samhraidh Chorcaí - CARO ASBS

Cúlra

Roinn **CARO ASBS** seastán le Comhairle Contae Chorcaí ag Seó Chorcaí 2025 de chuid Chumann Talmhaíochta na Mumhan. Ba iad téamaí an tseastáin ná ‘Creimeadh Cósta’, ‘Bithéagsúlacht sa Bhaile a Fheabhsú’ agus cur chun cinn ‘an Chiste um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide’. Taispeánadh éifeachtaí an chreimthe cósta agus tuilte, mar aon le réitigh innealtóireachta ar nós armúr carraige agus réitigh dhúlra bhunaithe, muiríneach agus fálú gradhaine. Chuir seo deis ar fáil chun plé a dhéanamh ar shaincheistean creimthe cósta ar fud an chontae. Bhí sa taispeántas bithéagsúlachta plandaí atá cairdiúil do phailneoirí, rogha óstán feithidí, agus boscaí ialtóg agus éan.

An Gníomh a Rinneadh


- Thóg an fhoireann roinnt samhlacha “Cósta i mbosca” a léirigh conas a tharlaíonn creimeadh cósta agus conas is féidir le bearta innealtóireachta agus réitigh dhúlra bhunaithe ár gcósta a chosaint.
- Bhí rogha de phlandaí oiriúnacha do phailneoirí agus micreaghnáthóga, boscaí ialtóg ina measc, ar taispeáint,

Torthaí

D’fhreastail breis agus 40,000 cuairteoir ar Sheó Chorcaí ina rinne cúpla céad ball den phobal agus páirtí leasmhar idirchaidreamh leis an bhfoireann ag ár seastán i rith an dá lá, agus bhí an fiosrú leantach agus an t-aiseolas an-dearfach. Bhí ceithre huaire an iomarca iarratas déanta ar dheontais an Chiste um Ghníomhú Pobail ar son na hAeráide chuig Comhairle Contae Chorcaí, a dúndadh i mí na Nollag. Creidtear gur chuidigh an seastán go mór maidir leis sin.



Cás-Staidéar



WP6 - Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Saoránach

Cás-Staidéir Ábhair Físe a Léiriú – CARO ASBS

Cúlra

Chonacthas do CARO go raibh gá le dea-chleachtas agus cáis-staidéir a chur in iúl d'Údaráis Áitiúla eile, chomh maith le hábhar a chur ar fáil a d'fhéadfadh Údaráis Áitiúla a úsáid chun a léiriú do bhaill thofa, páirtithe leasmhara agus an pobal an cineál Gníomhartha Aeráide a raibh siad páirteach iontu.

An Gníomh a Rinneadh

Cheannaigh **CARO ASBS** trealamh fístaifeadta agus bogearraí eagarthóireachta, agus chuir an fhoireann lena scileanna i ndearadh físe, scannánú, eagarthóireacht agus léiriú. Chuaigh CARO i dteagmháil le hÚdaráis Áitiúla chun scéalta féideartha a aimsiú agus chuir siad gearrliosta le chéile d'fhíseáin ábhartha a léirigh gníomhartha nuálacha. Rinneadh 4 fhíseán a scannánú (idir dheireadh 2024 agus 2025), a chríochnú agus a uaslódáil chuig cainéal YouTube CARO in 2025.

Torthaí

Taispeánadh na físeáin ag Imeacht Chomhdháil um Ghníomhú Údaráis Áitiúil ar son na hAeráide CARO i mí Aibreáin agus bhí glacadh an-mhaith leo. Thaifead na físeáin 493 amharc san iomlán ar chainéal YouTube CARO in 2025. Taispeánadh an físeán faoi Fhoirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh a thóg Comhairle Contae Chiarraí ag roinnt imeachtaí fuinnimh, cruinniú d'Oifigigh Feidhmíochta Fuinnimh agus foireann an SEAI ina measc. D'fhéach príomh-mhaoinitheoirí agus páirtithe leasmhara san earnáil Údarás Áitiúil ar na físeáin freisin, agus bhí siad éifeachtach chun obair na hearnála a léiriú.



Forbairt Eolais

Forbairt

Eolas

Príomhaidhmeanna agus Tosaíochtaí

- Comhoibriú le hinstiúidí 3ú leibhéal thar ceann na hearnála rialtais áitiúil i limistéir a bhaineann le taighde agus tionscnaimh ar ghníomhú ar son na haeráide.
- Páirt a ghlacadh i dtionscadail taighde, grúpaí stiúrtha, grúpaí oibre agus measúnuithe ábhartha, faoi mar is cuí.
- Páirt a ghlacadh i nGrúpa Comhordaithe Taighde Aeráide an EPA.

Léargas Ginearálta

Príomhluach na CAROanna é coinneáil cothrom le dáta ar Eolas agus Beartais Aeráide agus an t-eolas sin a scaipeadh. Teastaíonn díriú leanúnach uaidh seo ar iarrachtaí um ghníomhú ar son na haeráide trí chomhoibriú, taighde, agus rannpháirtíocht straitéiseach a chothú chun athrú a imríonn tionchar a chur chun cinn.

Is í an aidhm, trí chomhpháirtíochtaí le hinstiúidí tríú leibhéal agus rannpháirtíocht i bpríomhthionscnaimh thaighde, a chinntiú go leanann an earnáil rialtais áitiúil de bheith cothrom le dáta agus ar thús cadhnaíochta maidir le gníomhú ar son na haeráide. Déanann baint ghníomhach i ngrúpaí stiúrtha, grúpaí oibre, agus i measúnuithe an bunachar eolais agus an próiseas cinnteoireachta sa spás seo a neartú níos mó.



Grianghraf: Suíomhanna Taispeántóra agus Macasamhlóra imeacht tosaithe do thionscadal GRACE



Éachtaí

Fardal Inrochtana Maoinithe

Rinne CARO DM athbhreithniú bliantúil ar an bhfardal deiseanna maoinithe atá ar fáil do thaighde agus tionscadail um ghníomhú ar son na haeráide, agus rinneadh sin a nuashonrú ar shuíomh gréasáin CARO, a chinntíonn go mbíonn an t-eolas is baintí agus is cothroime le dáta ag páirtithe leasmhara chun tacú le cinnteoireacht eolasach ar thionscnaimh um ghníomhú ar son na haeráide.



GRACE: Teacht Aniar Aeráide Tuaithe a Neartú

Tá CARO ASBN ag glacadh páirte i dtionscadal taighde GRACE Fhís Eorpach an AE – Teacht Aniar Aeráide a Fhás i gCeantair Thuaithe largúlta trí Chumasú an Chomhphobail, tionscnamh ceithre bliana atá dírithe ar bhearta oiriúnaithe don athrú aeráide a fhorbairt i réigiúin tuaithe trí chuir chuige dhúlra bhunaithe a úsáid.

- Mar réigiún macasamhlóra, d'fhreastail CARO ASBN ar chruinnithe tosaithe an tionscadail sa Veinéis, an Iodáil ón 27-9 Deireadh Fómhair in éineacht le comhpháirtithe an chuibhreannais.
- Tá maoiniú tionscadail €120,000 dáilte chun doiciméid treorach a fhorbairt chun réitigh a thriail, a forbraíodh sna cúig réigiún taispeántais (an Phortaingéil, an Iodáil, an Ostair, an Danmhairg agus an tSualainn).
- Forbrófar agus roinnfear gníomhaíochtaí macasamhlaithe ag suíomhanna comhaontaithe laistigh sna cúig limistéar Údaráis Áitiúil i réigiún ASBN.

